An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2009

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

De réir ceanglas an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991 tá sé d'onóir agam an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas na gCuntas den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2009 a chur faoi do bhráid

.

An tOll. Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Ráiteas Misin

"Sa tréimhse trí bliana ó 2008 go 2010 méadóidh an RPII leibhéal na comhfhiosachta agus cur i ngníomh na mbeart a bhfuil gá leo chun muintir na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí docracha na radaíochta ianaithe (agus neamhianaithe) trí rialú eolaíochtbhunaithe, monatóireacht agus comhairle."

Teorainneacha Dáileoige agus Leibhéil Tagartha

Is í an teorainn dáileoige do bhall den phobal ná 1 mSv in aon tréimhse 12 mhí
Is í an teorainn dáileoige d'oibrithe radaíochta ná 20 mSv in aon tréimhse 12 mhí Baineann teorainneacha breise le nochtadh do bhaill shonracha den chorp
Is é an Leibhéal Tagartha do radón sna tithe cónaithe ná 200 Bq/m^3
Is é an Leibhéal Tagartha do radón sna hionaid oibre ná 400 Bq/m^3
Is é an Leibhéal Tagartha do radón sna scoileanna ná 200 Bq/m^3

Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14.
Teileafón: 01-2697766. Facs: 01-2697437. www.rpii.ie

**Tá an Tuarascáil seo ar fáil i mBéarla ag www.rpii.ie*

Clár na nÁbhar

Liosta Nodanna	2
Feidhmeanna an RPII	3
Tosaíochtaí straitéiseacha don RPII	4
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	8
Buaicphointí 2009	12
Rialáil agus ceadúnú	13
Nochtadh an daonra Éireannaigh do radaíocht	19
Radón	22
Seirbhísí Tomhais Radaíochta	26
Ullmhacht éigeandála	27
Sábháilteacht na saoráidí núicléacha thar lear	30
Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha	33
Ár Rialachas	37
Ráitis Airgeadais	43

Liosta Nodanna

ALMERA Analytical Laboratories for the Measurement of Environmental Radioactivity (Saotharlanna Anailíseacha do Thomhas na Radaíochta Timpeallachta)

AWIG Analysts Informal Working Group (Grúpa Neamhfhoirmiúil Oibre na nAnailísithe)

BAT Best Available Techniques (Na Teicníochtaí Is Fearr atá ar Fáil)

Bq/l becquerels per litre (beicireil an líotar)

Bq/m³ becquerels per cubic metre (beicireil an méadar ciúbach)

CSN Consejo de Seguridad Nuclear (An Chomhairle um Shlándáil Núicléach)

DAFF Department of Agriculture, Fisheries and Forestry (An Roinn Talmhaíochta, Iascaireachta agus Foraoiseachta)

DCENR Department of Communications, Energy and Natural Resources (An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha)

DCU Dublin City University (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

DECC Department of Energy and Climate Change (An Roinn Fuinnimh agus Athrú Aeráide)

DEHLG Department of the Environment, Heritage and Local Government (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil)

EGIR Expert Group on Ionising Radiation (Sainghrúpa ar Radaíocht Ianaithe)

ENSREG European Nuclear Safety Regulators Group (Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach)

EPA Environmental Protection Agency (**GCC** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

EPR European Pressurised Reactor (Imoibreoir Brúchóirithe Eorpach)

ERPAN European Radiation Protection Authorities Network (Líonra Údarás Cosanta Radaíochta na hEorpa)

EURADOS European External Dosimetry Group (Grúpa Dáileogmhéadrachta Seachtrach na hEorpa)

EURNMET European Metrology Group (Grúpa Méadreolaíochta na hEorpa)

FSAI Food Safety Authority of Ireland (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann)

GDA Generic Design Assessment (Measúnú Dearaidh Chineálaigh)

HALES Highly Active Liquor Evaporation and Storage (Stóráil agus Galú Licéir Ardghníomhach)

HASS High Activity Sealed Sources (Foinsí Séalaithe Ardghníomhaíochta)

HASTS Highly Active Storage Tanks (Umair Stórála Ardghníomhacha)

HLG High Level Group (Grúpa Ardleibhéil)

HSA Health and Safety Authority (Údarás Sláinte agus Sábháilteachta)

HSE Health Service Executive (**FSS** Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte)

IAEA International Atomic Energy Agency (Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh)

ICRP International Commission on Radiological Protection (Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch)

ICSD Ionisation chamber smoke detectors (brathadóirí deataigh seomra ianaithe)

ICT Information Communications Technology (**TFC** Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)

INAB Irish National Accreditation Board (Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann)

INES International Nuclear Event Scale (Scála Idirnáisiúnta Teagmhas Núicléach)

IRAC Ionising Radiation Advisory Committee (Coiste Comhairleach Radaíochta Ianaithe)

IRMF Ionising Radiation Metrology Forum (Fóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianaithe)

IRRS Integrated Regulatory Review Service (Seirbhís Athbhreithnithe Rialála Comhtháthaithe)

mSv millisievert (millisíveart)

MoU Memorandum of Understanding (Meabhrán Tuisceana)

NEA Nuclear Energy Agency (Gníomhaireacht Fuinnimh Núicléach)

NEPNA National Emergency Plan for Nuclear Accidents (Plean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha)

NEWS Nuclear Events Web Based System (Córas Gréasánbhunaithe Teagmhas Núicléach)

NORM Naturally Occurring Radioactive Materials (Ábhair Radaighníomhacha a Tharlaíonn go Nádúrtha)

NPP Nuclear Power Plant (Stáisiún Cumhachta Núicléiche)

NRPA Norwegian Radiation Protection Authority (An tÚdarás Ioruach um Chosaint Radaíochta)

OSPAR Oslo-Paris Convention (Coinbhinsiún Oslo-Páras)

PMDS Performance Management and Development System (Córas Forbartha agus Bainistíochta Feidhmíochta)

PRMG Personal Radiation Monitoring Group (Grúpa Monatóireachta na Radaíochta Pearsanta)

QCS Quality Customer Services (Seirbhísí Ardcháilíochta do Chustaiméirí)

RASSC Radiation Safety Standards Committee (Coiste um Chaighdeáin Sábháilteachta Radaíochta)

RPA Radiation Protection Adviser (Comhairleoir um Chosaint Radaíochta)

RPII Radiological Protection Institute of Ireland (An Institiúid Éireannach um Chosaint Radaíochta)

SI Statutory Instrument (Ionstraim Reachtúil)

UCD University College Dublin (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath)

UK-EA UK Environment Agency (Gníomhaireacht Timpeallachta na Ríochta Aontaithe)

UK-HPA UK Health Protection Agency (Gníomhaireacht Cosanta Sláinte na Ríochta Aontaithe)

UK-HSE-ND UK Health and Safety Executive-Nuclear Directorate (Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe – Stiúrthóireacht Núicléach)

UK-NPL UK National Physical Laboratory (Saotharlann Fhisiciúil Náisiúnta na Ríochta Aontaithe)

UK-NDA UK Nuclear Decommissioning Authority (Údarás Díchoimisiúnaithe Núicléach na Ríochta Aontaithe)

WHO World Health Organisation (**EDS** Eagraíocht Dhomhanda Sláinte)

Feidhmeanna an RPII

Is iad príomhaidhmeanna na hInstitiúide ná:

- Comhairle a chur ar fáil don Rialtas, don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus d'Airí eile faoi ábhair a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Eolas a chur ar fáil don phobal faoi ábhair a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Saotharlann náisiúnta a choinneáil agus a fhorbairt le leibhéil na radaíochta in earraí bia agus sa timpeallacht a thomhas agus le suntasacht na leibhéal seo do dhaonra na hÉireann a mheas.
- Seirbhís dáileogmhéadrachta phearsanta agus calabraithe ionstraimí a chur ar fáil dóibh siúd a oibríonn le radaíocht ianaithe.
- Coimeád, úsáid, déanamh, iompórtáil, iompar, dáileadh, easpórtáil agus diúscairt substaintí radaighníomhacha, gaireas ionradaithe agus foinsí eile radaíochta ianaithe a rialú le ceadúnas.
- Cuidiú le forbairt na bpleananna náisiúnta d'éigeandálaí ag éirí as timpistí núicléacha agus gníomhú chun tacú lena leithéid de phleananna.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le timpistí núicléacha agus sábháilteacht raideolaíoch i gcoitinne; agus an Rialtas a choinneáil ar an eolas faoina n-impleachtaí d'Éirinn.

Tosaíochtaí straitéiseacha don RPII

Tá straitéis shoiléir forbartha ag an RPII le cosaint radaíochta in Éirinn a neartú sa tréimhse trí bliana 2008-2010. Tá sé seo leagtha amach ina iomláine sa doiciméad RPII **Plean Straitéiseach 2008-2010.**

Tá líon aidhmeanna leagtha amach ag an RPII trína bhféadfaí an rath a bhí orthu sa tréimhse 2008-2010 a thomhas:

- Caithfidh eolas faoi chosaint radaíochta a bheith ar fáil go réidh, insroichthe agus intuigthe ag lucht éisteachta neamheolaíoch sa dóigh go bhfuil an pobal muiníneach as a chumas bheith cosanta óna héifeachtaí docracha.
- Caithfidh an t-eolas a chuirtear ar fáil ag an RPII a bheith eolaíochtbhunaithe agus beacht i gcónaí. Beidh sé ag iarraidh a ionad mar fhoinse iontaofa eolais don phobal agus do lucht éisteachta gairmiúil in Éirinn sa réimse seo a choinneáil.
- Caithfidh an t-infrastruchtúr rialála náisiúnta do chleachtais agus ghníomhaíochtaí oibre a bhfuil radaíocht ianaithe i gceist leo a bheith iomlán agus ag feidhmiú go héifeachtúil. Caithfidh réiteach rathúil a fháil ar bhearnaí aitheanta san infrastruchtúr cosúil leis an bpolasaí náisiúnta faoin dramhaíl radaighníomhach.
- Caithfidh straitéis náisiúnta chun tabhairt faoi leibhéil arda radóin i dtithe cónaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Is gá don straitéis seo díriú go háirithe orthu siúd nach raibh rannpháirteach i staidéir roimhe agus ar na tithe cónaithe a tógadh le deich mbliana anuas.
- Tar éis cinneadh an Rialtais freagracht as radaíocht neamhianaithe a thabhairt don RPII (agus leithdháileadh na n-acmhainní san áireamh), caithfidh na srutha nua oibre seo a chomhtháthú isteach in obair an RPII.
- Leanfaidh an RPII ag cur ar fáil comhairle ardcháilíochta eolaíochtbhunaithe ar ábhair chosanta radaíochta mar inchur i bpolasaí an Rialtais. Tacóidh sprioc-chlár taighde leis an ról comhairleach seo.

Déanfar an tionchar a thomhas le:

- Comhlíonadh ceanglas rialála ag an úsáideoir.
- Comhoibriú éifeachtúil le comhlachtaí rialála agus comhpháirtithe ábharthacha le ról sa chosaint radaíochta.
- Feabhsú phróifíl an RPII leis na príomhchinnteoirí.
- So-rochtaineacht don phobal agus don Rialtas ar eolas ardcháilíochta agus ar shonraí monatóireachta faoi na saincheisteanna cosanta radaíochta uile ar cúis imní iad.
- Tuiscint níos fearr ag an bpobal ar shaincheisteanna cosanta radaíochta.

Nikon

Ráiteas an Chathaoirligh

Is mian liom an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na hInstitiúide um Chosaint Raideolaíoch na hÉireann don bhliain 2009 a chur faoi do bhráid. Bliain dhúshlánach a bhí ann, go háirithe maidir le heochairscileanna agus cumas acmhainní daonna a choinneáil in éadan cúlra státchairde ar earcaíocht agus ardú céime. Mar sin féin, bhí an RPII ag iarraidh fócas a choinneáil ar chur i gcrích a chuid eochairchuspóirí.

Is iad an dá shaincheist chosanta radaíochta is práinní a aithníodh i bplean straitéiseach an RPII don tréimhse 2008-2010 ná forbairt Polasaí Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Radaighníomhaí agus Straitéis Náisiúnta Radóin ag an Rialtas.

Mar atá cúrsaí in Éirinn leis na blianta, tá foinsí radaighníomhacha nach bhfuil de dhíth á gcoimeád faoi cheadúnas ag 80 ionad éagsúil ar fud na tíre. Is í comhairle an RPII don Rialtas leis na blianta ná nach bhfuil na socruithe seo de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr atá á bhfógairt ag an nGníomhaireacht Fuinnimh Adamhaigh agus is ábhar mór imní iad ó thaobh sábháilteachta agus slándála de. Ainneoin ar ámharaí an tsaoil nach ndearnadh dochar do dhaoine aonair, d'éiligh fiosrú na n-eachtraí a thuairiscítear sa Tuarascáil Bhliantúil i mbliana maidir le caomhnaitheoir tintrí a chuaigh ar iarraidh agus lastas neamhúdaraithe de choinsíneacht brathadóirí deataigh chun a ndiúscartha san Iorua, acmhainní suntasacha ó na ceadúnaithe atá i gceist agus ón RPII. Seo iad an cineál eachtra a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh saoráid náisiúnta do stóras na bhfoinsí radaighníomhacha ar fáil in Éirinn. Le linn 2009 lean an Grúpa Ardleibhéil a bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DEHLG) de bheith ag teacht le chéile chun na heilimintí is gá le polasaí náisiúnta bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí a fhoirmliú. Chaill obair an Ghrúpa cuid den mhóiminteam, ach tuigim go bhfuil an tuarascáil eatramhach a leagann amach an dul chun cinn ata déanta agus a shonraíonn na roghanna chun breithniú orthu, le tabhairt chuig an Rialtas i bhfómhar na bliana seo. Leanfaidh an RPII air ag glacadh páirt ghníomhach sa Ghrúpa Ardleibhéil agus ag brú réiteach na saincheiste seo atá ann le fada.

I rith 2009 aithníodh tuilleadh tithe cónaithe le leibhéil arda den ghás radóin is cúis le hailse le ocht dteach cónaithe le leibhéil de bhreis ar 2000 Bq/m^3 á n-aithint i sé chontae. Roimh dheireadh na bliana aithníodh 4921 teach cónaithe le leibhéil radóin de bhreis ar an Leibhéal Tagartha náisiúnta ag an RPII, 13% den líon iomlán a tomhaiseadh. I dtéarmaí dochar don tsláinte tá baint ag nochtadh don radón le suas go 200 de na 1500 cás d'ailse scamhóg a chláraítear in Éirinn gach bliain. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i leith forbairt Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin d'Éirinn trí chomhoibriú le Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus na hÚdaráis Áitiúla. Tá géarghá le gach aon cheann de na snáitheanna gníomhaíochta seo a thabhairt le chéile mar straitéis aontaithe Rialtas-treoraithe lena chinntiú go ndéantar saoránaigh Éireannacha a chosaint go sásúil ó dhrochéifeachtaí an gháis radóin.

Forbairt an-deimhnitheach ó thaobh na hÉireann de a bhí sa Treoir ar glacadh léithe i rith 2009 ag bunú creata Comhphobail do shábháilteacht na suiteálacha núicléacha. Is iad aidhmeanna na Treorach atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit roimh Iúil 2011 ná feabhsú leanúnach na sábháilteachta núicléiche agus a rialáil a choinneáil agus a chur chun cinn le béim faoi leith ar chosaint an phobail i gcoitinne agus na n-oibrithe. Trína rannpháirtíocht i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach a thugann comhairle don Choimisiún faoi bhearta feidhmithe, tá deis ag an PRII le guth a bheith aige faoi imní na nÉireannach agus le tionchar a bheith aige ar na bearta thar lear. Níos giorra don bhaile leanann an RPII de bheith ag monatóireacht go gníomhach na forbairtí ag Sellafield agus ag ionaid núicléacha eile sa Ríocht Aontaithe. Is cosúil go mbeidh méadú ar na foinsí a mbeidh gá leo sna blianta atá le teacht le forbairt na bpleananna sa Ríocht Aontaithe chun stáisiúin nua núicléacha a thógáil le cur in ionad na gceann atá sceidealaithe le dúnadh thar an chéad 20 bliain eile.

Lean an Bord le forbairt a chreata rialachais corparáidigh le linn na bliana i gcomhréir le Cód Cleachtais leasaithe do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Rinneadh Lámhleabhar Rialachais Corparáidigh an RPII ar glacadh leis don chéad uair i 2007 a uasdátú agus tugadh faoi oiliúint do na baill nuacheaptha Boird agus Coiste Iniúchóireachta. I bhfianaise an staid airgeadais atá ag meathlú ar fud na seirbhíse poiblí bhunaigh an Bord fochoiste le ról an RPII sna seirbhísí tráchtála agus in ailíniú straitéiseach na ngníomhaíochtaí seo le haidhmeanna iomlána a athbhreithniú. Faoi láthair faigheann RPII thart faoi 16% dá ioncam ó sheirbhísí tráchtála.

Thar mo cheann féin agus thar ceann baill den Bhord ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile an RPII as a dtiomantas agus a n-obair chrua i rith na bliana. Ba mhaith liom go háirithe an fhreagairt ar fheabhas ón bhfoireann don ualach breise oibre a tharla de bharr laghdú líon na foirne ag éirí as an státchairde ar earcaíocht a cuireadh i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí i mí an Mhárta. D'fhág beirt bhall sinsearach den fhoireann, an tUas. Christopher Hone agus an Dr. Tony Colgan an RPII i rith na bliana agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a gcion oibre don RPII thar na blianta.

Ba maith liom freisin mo bhuíochas féin agus buíochas an RPII a chur in iúl don Uas. Frank Turvey a d'éirigh as an mBord i mí Lúnasa tar éis 8 mbliana seirbhíse tiomanta. Cuirim fáilte roimh athcheapadh an Uas. Patrick Gilligan, Darina Muckian Uas. agus Adi Roche Uas. don Bhord i mí na Samhna 2009 agus roimh cheapadh ball nua, an tUas. John O'Dea. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do bhaill na gCoistí Comhairleacha um Radaíocht Timpeallachta agus Radaíocht Leighis a thug seirbhís ar fheabhas don RPII ó bunaíodh é. Cuirim fáilte roimh bhaill an Choiste Comhairleach um Radaíocht Ianaithe atá nua-bhunaithe.

Faoi dheireadh ba mhaith liom a chur in iúl gur mór leis an RPII an tacaíocht agus an spreagadh a fuarthas ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tUas. John Gormley, TD agus an tAire Stáit, an tUas. Michael Finneran, TD. Tá an RPII faoi chomaoin freisin ag oifigigh Rannóg Polasaí Radaíochta Comhshaoil den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus oifigigh eile sa Roinn as a gcomhoibriú croíúil i gcónaí. Admhaítear go buíoch comhoibriú cuiditheach na ranna rialtais eile, institiúidí oideachais tríú leibhéil, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí seachtracha eile lenar oibrigh an RPII le linn 2009.

An tOll. Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Rinneadh dul chun cinn maith i leith cuspóirí straitéiseacha an RPII a bhaint amach i rith na bliana. Bhí sé de thoradh, áfach, ar an státchairde ar earcaíocht agus ardú céime a fógraíodh go luath sa bhliain nach bhféadfaí foireann a cheapadh in ionad an líon foirne le scileanna speisialtóra a d'fhág, rud ba ghá le roinnt tionscadal a chur ar athló. Tá athbhreithniú leantach de na tosaíochtaí riachtanach.

Rialáil agus ceadúnú

Ag deireadh 2009 bhí 1735 cheadúnas i bhfeidhm thar réimse earnálacha ar a n-áirítear earnálacha leighis, tionscail, oideachais, fiaclóireachta agus tréadliachta. Is ionann seo agus méadú de thart faoi 30 ceann ón mbliain roimhe sin. Leanann na ceadúnais leighis ag méadú ó thaobh líon agus castacht na n-iarratas. I rith 2009 eisíodh ceadúnas don dara svuít eisídithe le hailse thíoróideach a chóireáil ag úsáid iaidín-131 agus cuireadh isteach pleananna agus measúnuithe sciathaithe d'ocht luasaire líneacha nua ag Ospidéil San Séamas agus Beaumont le haghaidh athbhreithnithe.

Bhí ceithre chigireacht agus dhá chéad i rith na bliana. Ar na réimsí áirithe fócais bhí úsáid na n-aonad X-ghathach iniompartha don radagrafaíocht eachaí, saoráidí radaiteiripe, úsáideoirí tomhsairí, an tionscal tástála neamhscriosaí, saoráidí steiriliúcháin agus trealamh X-ghathach le haghaidh cuspóirí criathraithe slándála. Tugadh faoi líon suirbhéithe slándála d'áitribh na gceadúnaithe in éineacht leis An nGarda Síochána. Bhain seacht gcigireacht le cleachtaí fiaclóireachta a theip orthu a gceadúnas a athnuachan i Meán Fómhair 2008 agus bhí sé de thoradh ar na cuairteanna forfheidhmiúcháin seo gur chuir an RPII an dlí ar an gceadúnaí sna Cúirteanna Dúiche. I gcás amháin ciontaíodh agus fíneáladh an ceadúnaí agus sa dá chás eile phléadáil an ceadúnaí ciontach; i gcás amháin cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm agus sa chás eile ordaíodh go dtabharfaí tabhartas carthanúil.

I dtaca le fiosrúcháin faoi na dáileoga intuairiscithe ar tugadh fúthu i rith na bliana fuarthas go raibh cúig dháileog den chineál sin faighte ag foireann sna hearnálacha radagrafaíochta tionsclaíche agus leighis. Níor sháraigh aon cheann de na dáileoga seo na teorainneacha dáileoige reachtúla. Níor éirigh le fiosrúchán cuimsitheach faoi chaomhnaitheoir tintrí le foinse raidiam ísilghníomhaíochta a bhí ar iarraidh teacht ar an bhfoinse agus eisíodh litir cháinte don chuideachta a bhí i gceist. Lean an RPII freisin fógra ón Údarás Ioruach um Chosaint Radaíochta faoi sheachadadh neamhúdaraithe roinnt míle brathadóirí deataigh le foinsí radaíochta go cuideachta san Iorua le haghaidh diúscartha. Thángthas ar réiteach trí aisfhilleadh na mbrathadóir deataigh go hÉirinn ar an tuiscint go bhfaighidh an chuideachta réiteach eile le haghaidh a ndiúscartha. Bhí trí fhiosrúchan déag san earnáil leighis de bhun fógra don RPII faoi eachtraí. Bhain cúig cinn de na heachtraí le hothair agus ar an ábhar sin tá siad taobh amuigh de chúram an RPII. Bhí sé de thoradh ar an gcuid eile go bhfuair an t-othar contráilte an chóir leighis agus an dáileog radaíochta a lean í. Fiosraíodh iad uile go hiomlán agus cuireadh bearta in áit le hateagmhais a chosc chomh fada agus is féidir le réasún.

De réir an cheangail dlí caithfidh monatóireacht a dhéanamh ar nochtadh aerchriú do radaíocht ianaithe lena chinneadh an bhfuil gá le bearta chun an nochtadh a rialú. I rith 2009 fuarthas eolas ó sheacht n-oibritheoir aeir ceadúnaithe a thaispeáin gur measadh go bhfaigheann 9666 dhuine dáileoga radaíochta bliantúla os cionn 1 mSv, le 714 cinn díobh seo de bhreis ar 4 mSv agus gan aon cheann acu os cionn 6 mSv.

Comhlíonadh dea-chaighdeáin cosanta radaíochta i gcoitinne sna hearnálacha uile le linn na cigireachta. Má chloítear go docht le rialacha agus coinníollacha ceadúnais agus le haire i mbainistiú foinsí na radaíochta ianaithe déanfar deimhin de nach nochtfar daoine di gan ghá.

Rinneadh Cód Cleachtais nua faoi dhearadh na saoráidí leighis diagnóisigh áit a n-úsáidtear an radaíocht ianaithe a fhorbairt i gcomhar le hInstitiúid Haughton, ag uasdátú Cód 1988 agus ag tabhairt sonraí faoi cheanglais reachtacha agus treoir phraiticiúil faoi chosaint radaíochta le haghaidh na bpríomhchineálacha saoráidí leighis núicléach agus raideolaíocha. Eisíodh treoir freisin faoi chosaint an linbh gan bhreith le linn nochtadh leighis diagnóisigh i gcomhar le Comhairle na nDochtúirí Leighis, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Institiúid Éireannach na Radagrafaíochta agus na Teiripe Radaíochta, Cumann Éireannach Leighis Núicléach agus Cumann na nEolaithe Fisiceacha sa Leigheas agus faoi phrótacal diúscartha le haghaidh foinsí radaíochta meathlaithe as úsáid i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Feabhsaíodh an cleachtas is fearr sa chosaint radaíochta trí bhunú cláir na gComhairleoirí Cosanta Radaíochta chun comhairle a chur ar fáil dóibh siúd atá ag obair sna hearnálacha tionsclaíocha agus oideachais. Glacadh le comhairle an RPII faoin gcleachtas is fearr maidir le soláthar umar loctha meatha agus moille le haghaidh saoráidí cóireála eisíditheiaidín mar pholasai náisiúnta i.e. go raibh feistiú umar loctha i saoráidí nua buntáisteach ach gur chóir é a mheasúnú ar bhonn cás ar chás agus go raibh an t-aisfheistiú d'umair loctha i saoráidí atá ann cheana díréireach go mór do na saincheisteanna lóistíochúla agus airgeadais atá i gceist.

Cuireadh i bhfeidhm reachtaíocht nua faoi mhaoirseoireacht agus rialú lastas dramhaíola radaighníomhaí agus breosla caite i rith na bliana ag uasdátú na gceanglas a bhí ann roimhe sin agus á dtabhairt i gcomhréir leis na treoracha EU (AE) is déanaí. Rinneadh roinnt dul chun cinn faoi shaincheist atá ann le fada, bainistíocht na hÉireann dá dramhaíl radaighníomhach féin le bunú Grúpa Ardleibhéil idir-roinne chun comhairle a chur ar an Rialtas. Bhí an RPII rannpháirteach freisin in éineacht leis an EPA (GCC) ar thionscadal a scrúdaigh na saincheisteanna níos leithne faoi dhramhaíola deacra a bheidh mar bhuntaca ag obair an Ghrúpa Ardleibhéil.

Nochtadh an daonra Éireannaigh don radaíocht

Lean an RPII lena chlár monatóireachta radaíochta sa timpeallacht i rith na bliana agus é d'aidhm aige nochtadh an daonra di a mheasúnú. Thaispeáin clár 2009 go bhfuil na sceite leachtacha ón stáisiún i Sellafield mar an phríomhfhoinse den radaighníomhaíocht shaorga i Muir Meann agus gur caitheamh an bhia farraige an phríomhdhóigh ina nochtar an pobal don fhoinse radaíochta seo. Is iad na dáileoga radaíochta i gcás na ngrúpaí is mó a nochtadh di (i.e. iascairí tráchtála agus feirmeoirí tráchtála oisrí agus diúilicíní) 0.25 agus 0.51 µSv, faoi seach, agus 0.1 µSv do thomhaltóirí tipiciúla. Tomhaiseadh leibhéil de ráta dáileoige gáma comhthimpeallach ag 15 agus 12 stáisiún timpeall na tíre, faoi seach, agus níor taispeánadh aon léamha mínormálta agus bhí siad ag teacht leis na tomhais sna blianta roimhe sin. Bhí na leibhéil radaighníomhaíochta sa bhainne agus san fhíoruisce agus san aiste bia mheasctha íseal freisin agus ag teacht le leibhéil a tomhaiseadh sna blianta roimhe sin. Cuireann sé seo deimhniú ar fáil go bhfuil leibhéil na radaíochta saorga sa timpeallacht íseal agus nach bhfuil aon chontúirt don tsláinte iontu.

I rith 2009 thug grúpa a bhí comhdhéanta go speisialta de chúigear saineolaí neamhspleách faoi athbhreithniú cuimsitheach de chlár monatóireachta RPII le deimhin a dhéanamh de go mbaineann an clár amach a aidhmeanna sonraithe agus chun moltaí faoi choinne feabhais a dhéanamh, dá mba ghá. Tríd is tríd, d'éadóirsigh an painéal athbhreithnithe clár monatóireachta an RPII agus mheas sé go raibh an clár reatha sásúil agus láncheart. Rinne an painéal roinnt moltaí sonracha i dtaobh samplála agus cotabháil scileanna freisin chun breithniú a dhéanamh orthu sna cláir amach anseo.

Lean an staidéar ar an radaighníomhaíocht sna soláthairtí screamhuisce a tosaíodh i gcomhar leis an EPA i 2008 i rith na bliana. Bailíodh samplaí ó 98 n-ionad agus anailísíodh iad dá leibhéil gníomhaíochta alfa iomlána agus béite iomlána. Sna cásanna uile bhí na gníomhaíochtaí béite tomhaiste faoi bhun leibhéal scagthástála na hEagraíochta Domhanda Sláinte fad is a sáraíodh an leibhéal scagthástála alfa i 16 chás agus ba ghá le tuilleadh fiosraithe i rith 2010.

I 2009 críochnaíodh staidéar na leibhéal tóróin in Éirinn ar tugadh faoi i gcomhar le Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (UCD) agus Institiúid Náisiúnta na nEolaíochtaí Raideolaíocha sa tSeapáin. Fuair an staidéar gur measadh go raibh an mheándáileog de bharr táirgí meatha in Éirinn 0.38 mSv/bliain, dáileog ab ionann agus 10% den mheándáileog iomlán ó na foinsí uile. Measadh an uasdáileog a bheith 5 mSv/bliain, dáileog ab ionann agus an dáileog ón tiúchan radóin istigh ag a moltar leighseachán.

Radón

I rith 2009 ba í an eochairthosaíocht don RPII ná tabhairt faoi fhadhb an nochta don radón. Roimh dheireadh na bliana bhí tomhais i mbunachar sonraí an RPII d'os cionn 37,000 teach cónaithe. Astu seo tá tiúchana radóin os cionn 200 Bq/m^3 ag 4921 teach le leibhéil os cionn 800 Bq/m^3 ag 491 cheann acu. D'aithníodh ocht dteach cónaithe le leibhéil de bhreis ar 2000 Bq/m^3 i rith na bliana. Bhí dhá theach cónaithe i gcontaetha Chiarraí agus Shligigh leis na ceithre cinn eile i gCo. Mhaigh Eo, Co. an Chláir, Co. Phort Láirge agus Co. Thiobraid Árann. Aithnítear Contaetha Shligigh, Phort Láirge agus Mhaigh Eo cheana mar chontaetha ina measc siúd a bhfuil an céadatán is airde tithe cónaithe os cionn 200 Bq/m^3 le 24%, 22% agus 16% faoi seach, agus tá líon na dtithe cónaithe os cionn 800 Bq/m^3 sna contaetha seo 56, 34 agus 33. I gContaetha Chiarraí, an Chláir agus Thiobraid Árann tá an céadatán de thithe cónaithe os cionn 200 Bq/m^3 rud beag níos ísle ag 14%, 11% agus 11%, faoi seach, ach ta an líon os cionn 800 Bq/m^3 inchomparáide mura bhfuil sé níos airde ag 94, 59 agus 14.

Is é cuspóir straitéiseach an RPII don radón ná bheith ag obair chun an fheasacht i measc na n—eochairpháirtithe leasmhara uile ar chomhairle an RPII faoi radón a mhéadú agus é mar aidhm dheiridh straitéis náisiúnta rialaithe radóin a bheith glactha agus curtha i bhfeidhm ag an Rialtas. I rith 2009 d'oibrigh an RPII le Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte chun ráiteas comhsheasaimh ar radón a fhorbairt a aithníonn radón mar ghuais sláinte poiblí thábhachtach a bhfuil freagairt náisiúnta comhordaithe uirthi de dhíth. Bhi sé i ngleic freisin leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun eolas a thabhairt faoin radón do chigirí an HSA a thacódh le radón a chur san áireamh ina gcigireachtaí. Comhpháirtithe tábhachtacha don RPII atá sna húdaráis áitiúla agus i rith na bliana d'fhoilsigh an RPII treoirleabhar faoi chur i bhfeidhm na gclár tomhais radóin sa tithíocht shóisialta dírithe ar údaráis áitiúla. Mar chomhlánú ar an bhfoilseachán bhí clár fairsing chun feasacht ar na saincheisteanna a mhéadú go háirithe sna contaetha le hardleibhéil radóin.

Tá an Fóram Náisúnta Radóin mar eochairphointe fócasach do chlár radóin an RPII gach bliain. I 2009 ba é an téama ná "Towards the development of a radon control strategy for Ireland" ("I dtreo forbairt straitéise rialaithe radóin d'Éirinn") agus osclaíodh an Fóram ag an Uas. Michael Finneran, TD, Aire Stáit ag an An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. I rith na bliana freisin d'athbhreithnigh an RPII conas a d'féadfadh cuimsiú ceanglais radón a nochtadh sa phróiseas tíolactha a úsáid chun an ráta ag a bhfaightear tithe cónaithe le hardleibhéil radóin iontu a ardú. D'aibhsigh an t-athbhreithniú éifeachtúlacht an bhirt i dtíortha eile agus measadh dá dtabharfaí isteach a leithéid de bhearta in Éirinn go bhféadfaí an t-am a bhfuil gá leis an stoc náisiúnta tithíochta a thomhas a laghdú ó 400 bliain ag an ráta tomhais reatha go 40 bliain. D'aithin an t-athbhreithniú freisin an tábhacht atá le teicníocht tomhais scagthástála níos giorra le tacú le tionscnamh tíolactha agus rinneadh taighde ar an ábhar seo i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Seirbhísí Tomhais Radaíochta

Go hiomlán thomhais an RPII an t-ábhar radaighníomhaíochta i 1282 shampla timpeallachta agus earraí bia le linn na bliana. Ba é líon na dteastas ag sonrú an ábhair radaighníomhaíochta a eisíodh d'easpórtálaithe de tháirge Éireannach ná 3198, laghdú beag ar fhigiúr na bliana roimhe sin. Sholáthair Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII thart faoi 78,000 dáileogmhéadar do chliaint i rith na bliana. Úsáideadh na dáileogmhéadair seo le monatóireacht a dhéanamh ar noctadh radóin i gcás 8000 duine. Thástáil an tSeirbhís Calabrúcháin 419 n-ionstraim chun sonraíochtaí na ndéantóirí iomchuí a chomhlíonadh. Críochnaíodh tomhais radóin i 2550 teach cónaithe. Astu seo bhí 1910 gceann inar glacadh gnáth-thomhais tí cónaithe ar iarratas ón úinéir tí agus tomhaiseadh an 640 ceann eile mar chuid den taighde ar thug an RPII faoi. I rith na bliana tomhaiseadh 302 ionad oibre do radón agus 39 scoil san áireamh.

Ullmhacht Éigeandála

I rith na bliana críochnaíodh athbhreithniú ar fhophlean an RPII faoin bPlean Násiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha (NEPNA) agus formheasadh é chun glacadh leis. Athbhreithníodh na riachtanais teicneolaíocha d'oifigigh dualgais an RPII agus ullmhaíodh sraith moltaí le cur i bhfeidhm i 2010. De bhreis ar a gcleachtaí inmheánacha éigeandála mar thaca lena ról faoi NEPNA, ghlac an RPII páirt in ocht gcleachtadh éigeandála idirnásiúnta a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiunta Fuinnimh Adamhaigh agus an Coimisiún Eorpach.

Forbairt thábhachtach i rith na bliana a bhí i mbunú sainghrúpa ag an Roinn Talmhaíochta Iascaireachta agus Bia le leagan Éireannach saincheaptha de lámhleabhar atá níos ginearálta Generic Handbook for assisting in the Management of Contaminated Food Production systems in Europe following a Radiological Emergency" ("Lámhleabhar Cineálach le cuidiú le Bainistíocht na gcóras Táirgíochta Bia Truaillithe san Eoraip"). Ghlac an RPII páirt sa sainghrúpa ag tabhairt comhairle faoi fhrithbhearta agus láimhseáil táirgí bia truaillithe.

Sábháilteacht na Saoráidí Núicléacha Thar Lear

Forbairt thábhachtach i rith na bliana a bhí i nglacadh leis an gComhairle Eorpach de Threoir ag bunú creata Comhphobail do shábháilteacht na suiteálacha núicléacha. Tá sé d'aidhm ag an Treoir feabhsú leanúnach na sábháilteachta núicléiche agus a rialáil a choinneáil agus a chur chun cinn agus chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfidh na Ballstáit den EU (AE) socruithe náisiúnta cuí ar fáil chun oibrithe agus an pobal i gcoitinne a chosaint in aghaidh na gcontúirtí atá ag éirí as suiteálacha núicléacha.

Lean an RPII de bheith ag monatóireacht forbairtí i Sellafield agus ionaid núicléacha eile san UK. I Sellafield, ba iad na fadhbanna teicniúla leis an tsaoráid Stórála agus Galú Licéir Ardghníomhach (HALES) ba chúis leis an tréchur a bhí níos ísle ná a raibh súil leis agus má thógtar seo leis na tosca eile, is ionann sin agus a rá gur fhan toirt na dramhaíola radaighníomhaí leachtaí ardghníomhaí measarta buan i rith na bliana. Bhí méadú diaidh ar ndiaidh i sceitheadh an antamóin-125 radanúiclíde go haer de bharr athphróiseáil an bhreosla chaite le hábhar radaighníomhach níos airde ná mar is gnáth. Cuireadh oibriúcháin ar fionraí le ligint don Ghníomhaireacht Timpeallachta UK (UK-EA) measúnú a dhéanamh a raibh mar thoradh air gur beag an tionchar raideolaíoch a bhí ag an sceitheadh méadaithe ar dhaoine agus ar an timpeallacht i gcomparáid leis na hiarmhairtí dá mbeadh tuilleadh moille ar athphróiseáil an bhreosla. Shamhaltaigh an RPII an buaicsceitheadh réamh-mheasta agus dheimhnigh go mbeadh tionchar raideolaíoch diomaibhseach ag na tiúchana aeir a tháinig as ar Éirinn.

Lean an RPII de bheith ag coinneáil súil ar phleananna an UK chun stáisiúin núicléacha nua a thógáil in ionad na gcinn atá sceidealaithe le dúnadh sa chéad fiche bliain eile. Cuimsíonn an próiseas UK tionscadal chun dearadh imoibreoirí a mheasúnú atá sceidealaithe le bheith críochnaithe roimh Mheitheamh 2011 agus aithint ionad poitéinsiúil le haghaidh úsáid na ndearadh nua.

I rith na bliana ar chuireadh ón UK-EA, ghlac an RPII páirt i gcigireacht de chuid Fhoireann na Gníomhaireachta Timpeallachta ar na socruithe bainistíochta dramhaíola uiscí ag Sellafield. Ghlac an RPII páirt freisin i gceardlann dramhaíola uiscí dha lá a reachtáladh mar chuid de fhéinmheasúnú a infrastruchtúir rialála núicléiche ag Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe – Stiúrthóireacht Núicléach (UK-HSE-ND). Cuireadh líon eachtraí ag Sellafield agus ionaid núicléacha eile san UK in iúl don RPII ag an UK-EA agus ag an UK-HSE-ND i rith na bliana. Rátáladh dhá cheann de na teagmhais seo mar Leibhéal 2 (eachtra) ar an Scála Teagmhais Núicléach Idirnáisiúnta (INES). Ba é ceann de na heachtraí ná brath ligin radaighníomhaigh ba chúis le truailliú trealaimh sna saoráidí Magnox ag Sellafield. Tharla an dara ceann ag stáisiún núicléach Dungeness B agus léirigh sé díghrádúchán na sábháilteachta doimhne ag an ionad. Ba é an tríú teagmhas ná caillteanas na soláthairtí uisce fuaraithe chuig an stáisiún HALES. Rátáladh an teagmhas go sealadach mar Leibhéal 1 (aimhrialtacht) ach tá rátáil deiridh ar feitheamh go críochnú fiosrúcháin ag UK-HSE-ND. Ní raibh aon iarmhairtí eisláithreacha ag aon cheann de na heachtraí seo agus, ar an ábhar sin, ní raibh aon tionchar raideolaíoch acu ar Éirinn.

Cuireadh sé theagmhas Leibhéal 2 INES eile san Eilvéis, sa Fhrainc, sa Bheilg agus san Ungáir in iúl don RPII. Ní raibh aon tionchar raideolaíoch ag aon cheann de na heachtraí seo ar Éirinn. Ghlac an RPII páirt sa Tríú Cruinniú Athbreithnithe den Chomhchoinbhinsiún um Shábháilteacht Bhainistíocht an Bhreosla Chaite agus Sábháilteacht Bhainistíocht na Dramhaíola Radaighníomhaí i Vín i mí na Bealtaine. Is éard atá i gceist sa phróiseas athbhreithnithe ná piar-athbhreithniú scríofa ar thuarascálacha náisiúnta a cuireadh isteach níos luaithe ag tíortha rannpháirteacha. Tagann an próiseas chun críche le cruinniú dhá sheachtain ag a gcuireann gach tír atá rannpháirteach ann achoimre dá tuarascáil náisiúnta i láthair agus freagraíonn ceisteanna ó thíortha rannpháirteacha eile. Is í aidhm an Choinbhinsiúin ná ardleibhéal sábháilteachta i mbainstíocht na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla chaite a choinneáil. Thug piar-athbhreithniú scríofa ar Thuarascáil na hÉireann dá aire

nach bhfuil polasaí bainistíochta dramhaíola fadtéarmach forbartha ag Éirinn go fóill. I rith 2009 freisin chuidigh an RPII leis an DEHLG in athbhreithniú riachtanach agus uasdátú "Ireland's National Plan for the Implementation of the OSPAR Convention (Oslo-Paris Convention for the Protection of the Marine Environment of the North East Atlantic) "Plean Náisiúnta na hÉireann le Coinbhinsiún OSCAR a chur i bhfeidhm" (Coinbhinsiún Oslo-Páras le haghaidh Cosaint na Timpeallachta Muirí san Atlantach Oirthuaidh).

Seirbhísí Corparáideacha

Tacaíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha leis na gnéithe uile d'obair an RPII agus tá sé d'aidhm aici deimhin a dhéanamh de go gcruthaítear na coinníollacha a chuirfidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht agus cultúr deimhnitheach eagraíochta chomh maith le rialachas láidir agus infrastruchtúr comhlíonta chun cinn. Chuige seo forbairt thábhachtach i rith na bliana a bhí i seoladh suímh gréasáin athfhorbartha an RPII le cuid mhór gnéithe nua ar a n-áirítear mapa idirghníomhach radóin agus áireamhán dáileoige radaíochta. Taispeánann staitisticí a thaifeadann iompar cuairteoirí go bhfuil sé go maith i gcomparáid le súiomhanna eile den mhéad céanna. Tugadh faoi réimse gníomhaíochtaí cumarsáide freisin i rith na bliana agus é d'aidhm rochtain ar eolas faoi chosaint radaíochta agus monatóireacht sonraí a fheabhsú.

Bhí tionchar diúltach ag an státchairde ar earcaíocht agus ardú céime le caillteanas cúigear ball foirne. Ina ainneoin seo lean obair ar fhorbairt córas nua bainistíochta feidhmíochta atá le cur i bhfeidhm i 2010. Bhí Coiste Comhpháirtíochta an RPII gníomhach le linn na bliana go háirithe mar thaca le tionscnaimh phleanála le haghaidh paindéime fliú agus cur i ngníomh na moltaí ó iniúchadh seachtrach den chumarsáid inmheánach. Ar na feabhsuithe d' infrastruchtúr teicneolaíochta faisnéise RPII le linn na bliana tá cóip cúltaca fíor-ama do fhriothálaithe criticiúla chun athshlánú ó thubaiste a fheabhsú agus suiteáil céad fhriothálaí fíorúil an RPII.

Ba mhaith liom mo mheas pearsanta ar fhoireann uile an RPII a chur in iúl as a dtiomantas leanúnach agus a ngairmiúlacht i rith na bliana. Bliain iontach dheacair a bhí i 2009 de bharr na héiginnteachta leanúnaí faoi bhuiséid thodhchaí agus líon foirne agus d'fhreagair an fhoireann go léir do na héilimh bhreise a rinneadh orthu. Tá mé buíoch freisin d'fhoireann Rannóg Polasaí Radaíochta Comhshaoil den DEHLG agus d'oifigigh eile sa Roinn as a dtacaíocht d'obair an RPII.

An Dr. Ann McGarry
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Buaicphointí 2009

D'eisigh Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII thart faoi 78,000 dáileogmhéadar do 8000 duine i 2009

Tástáladh 1,894 shampla don radaighníomhaíocht i 2009

Ghlac an RPII páirt in 8 gcleachtadh éigeandála idirnáisiúnta i rith na bliana

Taifeadadh os cionn 10,000 cuairteoir sainiúil chuig suíomh gréasáin an RPII i nDeireadh Fómhair 2009 faoi shaincheist an radóin sna tithe cónaithe

I 2009 eisíodh 102 cheadúnas nua breise ag tabhairt líon na gceadúnaithe go 1,735

I 2009 bhí an dáileog thaiscthe éifeachtúil ag tomhaltóirí bia farraige tipiciúla 0.1 μSv

Rinneadh tomhais radóin i 2,550 teach cónaithe agus 302 ionad oibre i rith na bliana

Rialáil agus ceadúnú

Réamhrá

Tá an RPII freagrach as úsáid na radaíochta ianaithe in Éirinn a rialáil agus déanann sé é seo trí chóras ceadúnaithe, cigireachta, treoraíochta agus forfheidhmiúcháin. Tá ról tábhachtach ag an radaíocht ianaithe in Éirinn agus úsáidtear í le haghaidh cuspóirí diagnóiseacha agus teiripeacha chomh maith le taighde agus forbairt, rialú cáilíochta agus próisis táirgeachta. Rialálann an RPII nochtadh aerchriú don radaíocht chosmach freisin agus nuair is cuí, gníomhaíochtaí oibre a bhfuil Ábhair Radaighníomhacha a Tharlaíonn go Nádúrtha (NORM) i gceist leo.

Ceadúnú

Is é ceadúnú úsáideoirí uile na bhfoinsí radaíochta ianaithe ceann de croíghníomhaíochtaí an RPII. Tá buncheanglais chóras ceadúnaithe an RPII bunaithe ar Threoracha Eorpacha a thrasuítear sa reachtaíocht Éireannach. Cabhraíonn na Treoracha seo lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach do rialáil na radaíochta ianaithe ar fud na hEorpa. Is trí chomlíonadh ceanglais na reachtaíochta agus na gcoinníollacha atá ag gabháil le gach ceadúnas ag na ceadúnaithe in éineacht le cigireacht rialta ag an RPII a dheimhnítear go gcuirtear na caighdeáin is airde cosaint radaíochta i bhfeidhm ar fud na hÉireann.

Ag deireadh 2009 bhí ceadúnais ag 1735 cheadúnaí thar réimse earnálacha ar a n-áirítear na hearnálacha leighis, tionscail, oideachais, fiaclóireachta agus tréidliachta (Figiúr 1). Eisíodh dhá cheadúnas nua agus céad i rith na bliana, le os cionn a leath (54) ag ceadúnaithe san earnáil fiaclóireachta (Figiúr 2). Dúnadh ceithre cheadúnas agus seachtó le linn 2009 go príomha sna hearnálacha fiaclóireachta agus tionscail. Ba é an ceadúnas is suntasaí a fuarthas i rith na bliana ná ceann don dara svuít eisídithe iaidín le haghaidh cóireáil ailse thioróideach ag úsáid iaidín-13-, ag ospidéal i mBaile Átha Cliath. Agus é ag athbhreithniú an iarratais ar an gceadúnas chuir an RPII san áireamh aon dáileoga poitéinsiúla do ghrúpaí áirithe, mar oibrithe ionad cóireála camrais, baill an phobail, etc. a d'fhéafadh éirí as sceitheadh eisfhearadh othar a bhfuil iaidín-131 ann isteach sna séaraigh. Bhí an RPII sásta go mbeadh cosaint chuí ar fáil do na hoibrithe uile agus do bhaill den phobal agus i mí Feabhra eisíodh ceadúnas don ospidéal le haghaidh leathnú na seirbhíse seo.

Figiúr 1: Líon iomlán na gceadúnaithe 1993-2009



I 2003 d'fhoilsigh Grúpa Oibre na Saineolaithe Leanbh um Sheirbísí Oinceolaíochta Radaíochta de chuid na Roinne Sláinte tuarascáil faoi fhorbairt na hoinceolaíochta in Éirinn. Mhol an tuarascáil ar tugadh Tuarascáil Hollywood uirthi ó shin, bunú ceithre lárionad náisiúnta barr feabhais don oinceolaíocht radaíochta, dhá lárionad i mBaile Átha Cliath agus lárionad an ceann i gCorcaigh agus i nGaillimh, á dtacú ag dhá ionad saitilíte comhtháthaithe i Luimneach agus i bPort Láirge. I Lúnasa 2009, chuir Clár Rialaithe Ailse Náisúnta de chuid Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (HSE) pleananna mionsonraithe agus measúnuithe sciathaithe do Phas I den tionscadal faoi bhráid an RPII faoina dtabharfar isteach ocht luasaire líneacha do na hionaid i mBaile Átha Cliath, ceithre luasaire an ceann ag Ospidéil San Séamas agus Beaumont. Leis an t-ocht luasaire líneacha seo mar aon leis na haonaid bhreise a thabharfar isteach trí Phas II roimh 2014 béidh dúblú is corradh ar líon na n-aonad cóireála poiblí atá in Éirinn faoi láthair. Caithfidh athbhreithniú na measúnuithe sciathaithe do na baghtaí ina mbeidh na luasairí suite a chur i gcrích roimh eisiúint aon cheadúnas. Aon uair amháin atá an RPII sásta leis na pleananna molta, is féidir ceadúnas a eisiúint don ospidéal ansin, á údarú leis na luasairí a ghlacadh faoina gcoimeád agus le tosú ar obair coimisiúnaithe na n-aonad roimh dóibh a bheith úsáidte ar na hothair.

Figiúr 2: Catagóirí na gceadúnas nua ó 2003



Cigireacht

Is é ceann de chroí-eilimintí de ghníomhaíochtaí rialála an RPII ná a chlár cigireachta bliantúil. Ligeann an clár cigireachta don RPII an cultúr cosanta radaíochta agus na caighdeáin atá in áit ag gach suíomh ina gcoinnítear agus ina n-úsáidtear foinsí radaíochta ianaithe a mheasúnú. De bhreis air sin, le linn na gcigireachtaí seo spreagann cigirí an RPII na ceadúnaithe le tuilleadh feabhais a chur ar a gcleachtais cosanta radaíochta, go minic trí shamplaí a tugadh faoi deara roimhe sin ag saoráidí comhchosúla a roinnt leo. Athbhreithnítear an clár cigireachta go foirmiúil gach bliain agus aithnítear limistéir ina bhféadfaí tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh le haghaidh gnímh amach anseo.

Tá cur chuige rioscabhunaithe ag an RPII chun a chlár bliantúil cigireachta a fhorbairt, ag cur in ord tosaíochta na ceadúnaithe sin a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí riosca níos airde mar radaiteiripe, tástáil neamhscriosach, etc. Cuirtear san áireamh freisin an t-am atá imithe thart ón uair dheireanach a rinneadh cigireacht ar cheadúnais aonair chomh maith le aon eachtraí a d'fhéadfadh a tharlú. Tugtar faoi na cigireachtaí cosanta radaíochta uile faoi réim feidhme creidiúnú ISO 17020 an RPII.

I rith 2009, bhí 204 chigireacht ann, áit a raibh an fócas ar chosaint radaíochta (Tábla 1). Ainneoin gur tugadh faoi chigireachtaí go príomha chun comhlíonadh Ionstraim Reachtúil (S.I) Uimh. 125 de 2000 agus na gcoinníollacha a bhí ag gabháil le gach ceadúnas, tugann siad deis freisin do na cigirí samplaí den dea-chleachtadh a bhreathnú a dtarraingítear aird ceadúnaithe eile le hiarratais chomhchosúla orthu ansin. Ba limistéir ar leith fócais don chlár i rith na bliana ná úsáid na n-aonad X-gha iniompartha don radagrafaíocht eachaí, saoráidí radaiteiripe le cúnamh comhairleoir UK, úsáideoirí tomhsairí, an tionscal tástála neamhscriosaí, saoráidí steiriliúcháin agus trealamh X-gha le haghaidh cuspóirí tástála neamhscriosaí nó criathraithe slándála. Is údar misnigh a lua gur lean na cigirí ag tabhairt dea-chaighdeáin chosanta faoi deara thar na hearnálacha uile. Tugadh faoi shuirbhéithe slándála de cheadúnaithe leis an nGarda Síochána chun na socruithe slándála atá in áit ag na ceadúnaithe seo a mheasúnú.

Tábla 1: Cigireachtaí ar tugadh fúthu i 2009

Catagóir Ceadúnais	Líon sa Chatagóir	Cigireachtaí ar tugadh fúthu i 2009
Usáideoirí Tionsclaíocha	306	84
Dáileoirí Tionsclaíocha	24	10
Oideachas agus Taighde	21	7
Ranna Rialtais agus Seirbhísí Stáit	5	1
Ospidéil/Leighis	171	55
Dáileoirí Leighis	27	7
Tréidlianna	268	11
Fiaclóirí	913	19
Suirbhéithe Slándála		10
IOMLÁN	**1,735**	**204**

Forbairtí sa Chleachtas Rialála

I 1988 d'fhoilsigh an Bord Fuinnimh Núicléigh, réamhtheachtaí an RPII, Cód Cleachtais faoi Dhearadh na Saoráidí Leighis Diagnóisigh ag Úsáid Radaíochta Ianaithe. Chuir an cód comhairle phraiticiúil ar fáil faoi shaincheisteanna sciathaithe radaíochta do dhaoine a raibh baint acu le dearadh saorádí nua leighis agus acmhainn

luachmhar a bhí ann. Ón uair a foilsiodh é, áfach, tharla forbairtí suntasacha ó thaobh na heolaíochta cosanta radaíochta bunúsaí, reachtaíochta, cleachtais rialála comh maith le forbairtí i dteicneolaíochtaí nua leighis. Dá réir sin thug an RPII faoin gcód a uasdátú agus a athchóiriú.

Rinneadh **Code of Practice on the Design of Diagnostic Medical Facilities where Ionising Radiation is used (Cód Cleachtais faoi Dhearadh na Saoráidí Leighis Diagnóisigh ina nÚsáidtear Radaíocht Ianaithe)** nua a fhorbairt i gcomhar leis an Institiúid Haughton agus foilsíodh é i rith na bliana. Sa Chód tá athbhreithniú gairid ar an gcreat reachtach agus an tionchar sonrach atá aige ar bhainistíocht tionscadal tógála, cuntas ar na gnéithe teicniúla de ríomhaireachtaí sciathaithe agus plé ar na gnéithe praiticiúla a bhaineann le réiteach sciathaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs tógála. Le cur ar fáil treoraíocht shoiléir suas chun dáta faoin dea-chleachtas deartha radaíochta, coinneofar amach anseo na hardchaighdeáin reatha ar follasach iad trí chláir cigireachta an RPII.

In éagmais saoráid náisiúnta stórála dramhaíola le déileáil le foinsí radaíochta as úsáid, tá prótacal nua forbartha ag an RPII a laghdóidh ar bhealach stoc-charnadh foinsí radaíochta meathlaite as úsáid in Éirinn atá scaipthe faoi láthair in áitribh 80 ceadúnaí ar fud na hÉireann. I gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) d'fhoilsigh an RPII prótacal nua do cheadúnaithe a bhfuil foinsí séalaithe as úsáid acu ag ceadú diúscairt na bhfoinsí seo i saoráidí líonta talaimh i gcúinsí áirithe. Caithfidh foinsí atá i dteideal diúscartha i líonadh talaimh bheith meata go gníomhaíochtaí faoi bhun na luachanna díolúine in S.I. Uimh. 125 de 2000 agus ní féidir aon ghuais timpeallachta a bheith ann faoi Uirlis Rangaithe Dramhaíola Guaisí de chuid an EPA (GCC). Spreagfaidh an RPII ceadúnaithe le húsáid a bhaint as an bprótacal diúscartha seo trína n-idirghníomhaíochtaí le ceadúnaithe le linn cigireachtaí.

Le linn cigireachtaí na n-ospidéal cinntíonn an RPII go mbíonn prótacail áitiúla chuí ar fáil sa dóigh go n-aithnítear othair a d'fhéadfadh a bheith torrach roimh a scrúdaithe nó a gcóireála agus go dtógtar na gníomhartha cuí. I mí na Nollag, d'fhoilsigh an RPII treoirlínte nua faoi chosaint an linbh gan bhreith le linn nochtadh leighis diagnóisigh. Rinneadh na treoirlínte nua seo a fhorbairt i gcomhoibriú le Comhairle na nDochtúirí Leighis, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Institiúid Éireannach na Radagrafaíochta agus Teiripe Radaíochta, Cumann Éireannach Leighis Núicléach agus Cumann na nEolaithe Fisiceacha sa Leigheas agus uasdátaíonn siad na treoirlínte a eisíodh roimhe seo i 2000. Cuireann na treoirlínte nua achoimre chruinn de na gníomhartha atá le glacadh nuair a nochtar mná d'aois toirchis don radaíocht ianaithe. Tá sé i gceist go mbeidh siad in úsaid ag cliniceoirí atreoracha, radagrafaithe agus fisiceoirí leighis.

Trasuíodh an Treoir um Fhoinsí Séalaithe Ardghníomhaíochta (HASS) sa dlí Éireannach i mí na Nollag 2005 i bhfoirm an Achta um Chosaint Raideolaíoch 1991 Ordú (Rialú na bhFoinsí Radaighníomhacha Séalaithe Ardghníomhacha) 2005 (S.I. Uimh. 875 de 2005). Ainmnítear an RPII mar an tÚdarás Inniúil le haghaidh cupóirí na Reachtaíochta agus na Treorach. Leagann an Reachtaíocht amach cuid de na ceanglais shonracha údarúcháin chun na cineálacha foinsí a thagann faoi raon feidhme na Treorach a shealbhú agus a úsáid. I rith na bliana cuireadh amach nóta treorach agus liosta seiceála dírithe ar choinneálaithe HASS ag imlíniú na n-eochairfhorálacha faoi choimeád taifead, ceanglais maidir le tuairisciú chomh maith le hoiliúint agus eolas.

Slándáil na bhFoinsí Radaighníomhacha

Coinníodh comhchlár oibre an RPII agus an Gharda Síochána dírithe ar shocruithe slándála reatha ag áitribh ceadúnaí le súil na caighdeáin a ardú go dtí an cleachtas idirnáisiúnta slándála is fearr le linn 2009. Glacadh líon beart feabhsuithe chun an cleachtas is fearr a chur chun cinn agus leanfaidh cigirí an RPII agus, nuair is cuí, baill den Aonad Náisúnta Coiscthe Coireanna de bheith ag cur i bhfeidhm na moltaí.

Clár Comhairleoirí Cosanta Radaíochta do na hEarnálacha Tionscail agus Oideachais

Chun an cleachtas is fearr sa chosaint radaíochta a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san infrastruchtúr rialála bhunaigh an RPII prótacal agus critéir lena bhformheas ag Comhairleoirí Cosanta Radaíochta (RPAs) do na hearnálacha tionsclaíocha agus oideachais tríú leibhéal agus d'eisigh sé gairm ar iarratais. Áirítear sa scéim formheasta freisin gníomhaíochtaí oibre a bhaineann le radaíocht nádúrtha. Tá an scéim formheasta Catagóir II RPA seo bunaithe ar fhormheas foirmiúil de chrói-inniúlacht ag an RPII. Fuarthas líon iarratas comhlánaithe agus athbhreithníodh iad ag Coiste Measúnaithe. Bunaíodh clár RPA (Catagóir II) ag deireadh 2009.

Umair Iaidín Loctha

Ag tús na bliana leag an RPII a mholtaí don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DEHLG) amach maidir le soláthar umar loctha meatha agus moille le haghaidh saoráidí cóireála eisíditheiaidín. Úsáidtear na humair loctha seo ag roinnt lárionad ar fud an domhain le haghaidh stórála ar an láthair eisfhearadh ó othair ar tugadh cainníochtaí teiripeacha d'iaidín-131 do chóireáil ailse thíoróideach (teripe iaidín eisíditheiaidín) dóibh. Ligeann na humair don iaidín-131 meath roimh don dramhaíl bheith diúscartha isteach sna séaraigh.

Rinneadh moladh an RPII don DEHLG tar éis athbhreithniú cuimsitheach de na cleachtais in Éirinn agus ar fud na hEorpa maidir le teiripe eisídithe iaidín ar tugadh faoi i 2008. Fuair an t-athbhreithniú go raibh an buntáiste a bhain le humair loctha a ais-shuiteáil i saoráidí a bhí ann cheana díréireach go mór do na saincheisteanna airgeadais agus lóisticiúil a bhí i gceist agus go mbeadh sábháil dáileog measartha beag mar thoradh air. Thug an tuarascáil dá aire freisin go raibh buntáiste ag baint le suiteáil umar loctha i saoráidí nua acht in áit é bheith mar cheanglas ceadúnaithe sainordaitheach ba chóir é a mheas ar bhonn cás ar chás. D'aontaigh an DEHLG go raibh an seasamh seo ag teacht le ceangaltais na hÉireann faoin Choinbhinsiún Oslo Páras (OSPAR) chomh fada agus a bhaineann sé le sceitheadh na radanúiclídí isteach sa timpeallacht mhuirí.

Dáileoga Intuairiscithe

Is coinníoll é de gach ceadúnas nuair a thaifeadtar dáileog ar mhó í ná leibhéal sonrach tuairiscithe ar dháileogmhéadar pearsanta go gcaithfidh an ceadúnaí an t-ábhar a fhiosrú go hiomlán. Sonraítear na leibhéil tuairiscithe sa cheadúnas do dháileoga lánchoirp agus foircinn mar 2 millisíveart (mSv) agus 50 mSv faoi seach thar thréimhse 16 seachtaine.

Cuireadh 17 gcás dá leithéid in iúl don RPII i rith na bliana. Tar éis gach dáileog thuairiscithe a fhiosrú níor rangaíodh ach cúig cheann mar dháileog a fuair an caiteoir go fíor: fuair tríur radagrafaí tionsclaíoch dáileog thuairiscithe de bharr tréimhse a raibh ualach ard oibre i gceist (2.1 mSv, 2.8 mSv agus 3.3 mSv, lánchoirp), fuair radagrafaí idirghabhálach dáileog dá lámha de 53.4 mSv le linn na tréimhse Meán Fómhair-Nollaig 2008 (aithníodh seo tar éis athbhreithniú dá thaifid dáileoige ar tugadh faoi i 2009) agus cairdeolaí comhairleach a raibh dáileog de 2.3 mSv aige. I gcás an radagrafaí idirghabhálaigh agus an chairdeolaí athscrúdaíodh a ngnáthaimh oibre ag RPAs a n-ospidéal chun a ndáileoga a laghdú agus déanfar dlúthmhonatóireacht ar na daoine seo ag na hospidéil.

Cur i bhFeidhm

I rith na bliana thug cigirí cuairt ar sheacht gcleachtas fiaclóireachta a mhainnigh a gceadúnas a athnuachan nuair a chuaigh siad in éag i Meán Fómhair 2008. Bhí sé mar thoradh ar thrí cinn de na cuairteanna feidhmiúcháin seo gur chuir an RPII an dlí ar an gceadúnaí sna Cúirteanna Dúiche. I mí Iúil ciontaíodh The Body Clinic Ireland Ltd as trí aonad fiaclóireachta X-ghathacha a bheith ina gcoimeád gan cheadúnas acu agus gearradh fíneáil orthu as gach ceann de na trí cionta. Cuireadh an dlí ar fhiaclóir aonair i mí Meán Fómhair as aonad fiaclóireachta X-ghathach a bheith aige. Ainneoin gur phléadáil an fiaclóir ciontach sa chion chuir an breitheamh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm. Sa chás deiridh cuireadh an dlí ar fhiaclóir aonair eile as trí aonad fiaclóireachta X-ghathacha a bheith ina choimeád gan cheadúnas aige. Sa chás seo phléadáil an fiaclóir ciontach i ngach cion ach scrios an breitheamh amach na himeachtaí áfach, nuair a bhí tabhartas tugtha ag an bhfiaclóir d' Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Croimlinn.

Eachtraí agus Fiosrúcháin

I mí Aibreáin 2009 fuarthas amach go raibh caomhnaitheoir tintrí le foinse raidiam ísilghníomhaíochta ar iarraidh ó dhíon foirgnimh ar cuireadh é faoi cheadúnas. Tugadh faoi fhiosrúchán ag an RPII agus ag an gCuideachta. Cuireadh an scéal in iúl do ghníomhaireachtaí ábharthacha taobh istigh d'Éirinn agus thar lear. Eisíodh litir cháinte don Chuideachta. Tá líon beag de na gléasanna seo fágtha sa tír go fóill agus tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun teacht ar bhealach oiriúnach diúscartha.

I mí Iúil 2009 cuireadh in iúl don RPII ag an Údarás Ioruach um Chosaint Radaíochta (NRPA) faoi sheachadh neamhúdaraithe roinnt míle brathadóirí deataigh seomra ianaithe (ICSD) ó dháileoir in Éirinn go cuideachta san Iorua le haghaidh diúscartha. Rinneadh an scéal níos measa mar mhainnigh an dáileoir Éireannach a cheadúnas ginearálta a athnuachan de thaisme agus rinne dearmad freisin iarratas a dhéanamh roimh ré ar an gceadúnas Easpórtála riachtanach. Tar éis dul i gcomhairle leis an NRPA, aisfhilleadh na brathadóirí deataigh go hÉirinn roimh don Mháthairchuideachta cinneadh ar réiteach inbhuanaithe iomlán. Cáineadh an chuideachta.

Eachtraí san Earnáil Leighis

I mí an Mhárta d'fhoilsigh an RPII treoirlínte nua faoi thuairsciú eachtraí raideolaíocha. Cuireadh na treoirlínte leasaithe in áit na dtreoirlínte a bhí ann cheana a foilsíodh i 2002 agus áirítear treoraíocht níos follasaí faoi na cineálacha eachtraí atá intuairiscithe don RPII de réir forálacha S.I. Uimh. 125 de 2000 agus na gcoinníollacha atá ag gabháil le gach ceadúnas. Go sonrach áirítear sna treoirlínte roinn shonrach faoi eachtraí san earnáil leighis atá intuairiscithe freisin.

I rith na bliana cuireadh 13 eachtra a tharla san earnáil leighis in iúl don RPII. Nuair a rinneadh anailís, áfach, ar na cúiseanna a bhí leis na heachtraí cinneadh nach raibh na heachtraí seo uile intuairiscithe mar bhain cúig cinn acu le hothair a bhí taobh amuigh de chúram an RPII. Bhain formhór na n-eachtraí a measadh a bheith intuairiscithe le daoine aonair a raibh gnáthaimh raideolaíocha á ndéanamh orthu nuair a chuir foireann an ospidéil cóir leighis go mícheart ar an othar contráilte. Mar nach bhfuair na daoine seo nochtadh a bhí lena leas ní féidir iad a rangú mar othair i gcomhthéacs S.I. Uimh. 125 de 2000 agus dá bhrí sin ní féidir iad a mheas ach mar bhaill den phobal. Sna cásanna uile fiosraíodh na heachtraí go hiomlán chun sástacht an RPII agus cuireadh bearta in áit ag na hospidéil i gceist le hateagmhais a chosc chomh fada agus is féidir le réasún.

Lean an RPII de bheith ag obair go dlúth le hAonad Nochtadh Leighis Radaíochta le linn na bliana ar fhorbairt meicníochta tuairiscithe eachtra d'eachtraí faoi S.I. Uimh. 478 de 2002 a dhéileálann le cosaint na n-othar a ndéantar nochtadh leighis orthu a bhfuil foinsí radaíochta ianaithe i gceist leo. Tá sé ar intinn go mbeidh an córas tuairiscithe seo mar chomhlánú ar chóras an RPII agus amach anseo go mbeidh meicníocht tuairiscithe eachtra amháin forbartha a dtabharfaidh aghaidh ar na heachtraí raideolaíocha uile san earnáil leighis faoi S.I. Uimh. 125 de 2000 agus S.I. Uimh. 478 de 2002.

Creidiúnú

Mar chuid dá thiomantas d'fheabhsú leanúnach na cáilíochta agus comhsheasmhacht na seirbhíse tá córas cáilíochta curtha i bfeidhm ag an RPII dá ghníomhaíochtaí cigireachta. Tá an córas forbartha i gcomhréir le ceanglais ISO 17020, caighdeán idirnáisiúnta a dearadh go sonrach do chomhlachtaí cigireachta. Is é ceann amháin de cheanglais an chaighdeáin ná go gcaithfidh na bainisteoirí teicniúla taobh istigh den Roinn Seirbhísí Rialála a bheith mar fhinnéithe ar gach cigire taobh istigh dá roinn atá ag déanamh cigireachta sna hearnálacha ábharthacha uile. Déanann an clár fianaithe cigireachta seo deimhin de go mbíonn cur chuige comhsheasmhach idir cigireachtaí agus cigirí. I rith 2009 tugadh faoi 11 chigireacht fianaithe ag na bainisteoirí teicniúla taobh istigh den Roinn.

Coinníodh creidiúnú an RPII do ISO 17020, tar éis cuairt faireachais ó Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann (INAB) i mí Meán Fómhair. Áirítear sa chuairt faireachais measúnóirí INAB mar fhinnéithe ar chigirí an RPII ag déanamh cigireachta ar fhiaclóir agus ar shaoráid aerfoirt a d'úsáid trealamh X-ghathach a d'éascaigh idirthuras earraí Aicme 7.

An Treoir um Loingsiú

I rith 2009 trasuíodh Treoir Comhairle 2006/117/Euratom faoi mhaoirseoireacht agus rialú lastas dramhaíola radaíochta agus breosla caite sa dlí Éireannach mar Ordú na gComhphobal Éorpach (Maoirseoireacht agus Rialú Lastas Áirithe Dramhaíola Radaíochta agus Breosla Caite) (S.I. Uimh. 86 de 2009) ag aisghairm forálacha a bhí ann roimhe sin faoi Rialacha na gComhphobal Eorpach (Maoirseoireacht agus Rialú Lastas Áirithe Dramhaíola Radaíochta agus Breosla Caite) 1994 S.I. Uimh. 276 de 1994). Is é an RPII an tÚdarás Inniúil don reachtaíocht.

Soláthraíonn an Treoir do chóras coiteann éigeantach fógra agus doiciméad caigdeánta rialaithe maidir lena leithéid de lastais. Go sonrach ní féidir lastas a dhéantar faoin Treoir a tharlú go dtí go gcuireann na húdaráis inniúla ón tír ceann scríbe agus ó aon tír idirthurais a gceadú in iúl do na húdaráis inniúla ón tír thionscnaimh. Caithfidh údar maith a bheith le diúltú ó Bhallstát ceann scribe nó idirthurais agus i gcomhréir le dlí idirnásiúnta agus an cleachtas is fearr. Toirmisceann an Treoir easpórtáil na dramhaíola chuig tíortha Afracacha, Caribeacha nó an Aigéin Chiúin, (de réir Comhaontú Cotonou), go ceann scribe taobh ó dheas de dhomhanleithead 60° ó dheas nó go dtí tríú tír nach bhfuil na hacmhainní aici an dramhaíl radaíochta a láimhseáil go sábháilte.

Dramhaíl Radaighníomhach

Lean an RPII de bheith ag aibhsiú an easpa saoráide náisiúnta stórála le haghaidh stóráil eatramhach agus bainistíocht na bhfoinsí as úsáid. Leanann sé de bheith ag obair leis an DEHLG chun an tsaincheist seo atá ann le fada a réiteach agus bhí sé rannpháirteach in éineacht le gníomhaireachtaí agus ranna eile ar Ghrúpa Ardleibhéil (HLG) a bunaíodh leis an ábhar a mheas agus leis an Rialtas a chomhairliú dá réir. Tá an HLG chun tuairisciú don Rialtas i rith 2010. Mar chuid den phróiseas sin, chuir an RPII fáilte roimh an deis bheith ag obair leis an EPA (GCC) ar thionscadal ag scrúdú saincheisteanna níos leithne faoi stóráil dramhaíolacha deacra ar a n-áirítear foinsí as úsáid. Beidh tuarascáil comhairleachta ar fáil i rith 2010 a chuirfidh le forbairt na moltaí don Rialtas.

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Tá sé léirithe ag an RPII ina Phlean Straitéiseach agus ina ráiteas misin go bhfuil dul i ngleic leis na páirtithe leasmhara ábharthacha riachtanach chun caighdeáin níos airde a chur chun cinn agus a bhaint amach. Tá seo thar a bheith ábharthach sa timpeallacht rialála agus le linn 2009, bhuail an RPII leis an HSE (FSS), An Chomhairle Fiaclóireachta, Comhairle na nDochtúirí Leighis, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Garda Síochána agus an EPA (GCC) chun limistéir leasa choitinn a phlé agus chun comhthascanna dírithe ar éifeachtaí a ghiniúint le dúbailt na n-iarrachtaí a sheachaint.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

I rith 2009, fad is a choinnigh an RPII a ionadaíocht ag cruinnithe d'Aontas na hEorpa agus den Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (IAEA) faoi iompar an ábhair radaíochta, ghlac sé páirt freisin i gcruinnithe de Chumann nua-bhunaithe Údarás Eorpach Inniúil le haghaidh Iompar Sábháilte an Ábhair Adamhaigh. Tá sé seo le bheith ina ghréasán feabhais áit a d'fhéadfadh rialtóirí taithí phraiticiúil a roinnt.

I mí an Mhárta, bhí ball foirne RPII rannpháirteach mar shaineolaí seachtrach ag cruinniú IAEA de na ceannasaithe de 29 n-údarás rialála ar fud mór-roinn na hAfraice i Pretoria, san Afraic Theas. Ba é an cuspóir a bhí leis an gcruinniú seo ná gréasán d'údaráis rialála Afracacha cosúil leis na gréasáin atá ann ar fud an domhain agus é d'aidhm shonrach aige tíortha a spreagadh chun obair le chéile lena chinntiú go dtugtar an aithint riachtanach don chosaint radaíochta ar fud mór-roinn na hAfraice. Bhí baint ag an rannpháirtí ón RPII roimhe seo le bunú Líonra Údarás Cosanta Radaíochta na hEorpa (ERPAN) agus mar chathaoirleach ERPAN, fuair cuireadh chun comhairle agus treoraíocht a chur ar fáil do na rannpháirtithe ag an gcruinniú mar chairt don ghréasán nua a bhí á fhorbairt. Ba é buaicphointe an chruinnithe ná bunú Fóram na gComhlachtaí Rialála Núicléacha san Afraic agus glacadh le cairt trína n-oibreodh sé.

I mí na Samhna, bhí cigire den RPII rannpháirteach mar léachtóir i gclár oiliúna sa Tansáin a bhí maoinithe ag an IAEA. Óstáladh an clár oiliúna d'Oifigigh Cosanta Radaíochta sa Tansáin ag an gCoimisiún Tansáineach Fuinnimh Adamhaigh.

Nochtadh Aerchriú don Radaíocht Chosmach

Faoi S.I. Uimh. 125 de 2000, éilítear ar shealbhóir teastais aeroibreora dáileoga a fhaigheann an t-aerchriú a mheas lena chinneadh an bhfuil gá le bearta chun an nochtadh don radaíocht chosmach a rialú. Baineann an ceanglas seo leis na haeroibreoirí sin a bhfuil baol poitéinsiúil ann dá n-aerchriú dáileog bhliantúil níos mó na 1 mSv, a ghlacadh, rud a bhaineann leis na haerlínte sin amháin a eitlíonn os cionn 8000 méadar. Déantar na dáileoga a mheas ag na haerlínte ag úsáid samhlacha bogearraí atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Don bhliain 2009 fuarthas an t-eolas ó sheacht n-aeroibreoir a thaispeánann gur measadh go bhfuair 9666 dhuine dáileoga bliantúla radaíochta os cionn 1 mSv. Díobh seo fuair 2917 nduine idir 1 agus 2 mSv, fad is a fuair 6035 dhuine dáileoga idir 2 agus 4 mSv agus 714 dhuine dáileoga os cionn 4 mSv. Níor tuairiscíodh aon dáileoga os cionn 6 mSv. Ó tosaíodh ar mhonatóireacht aerchriúnna i 2003 tá méadú leanúnach bliantúil i líon na n-aerchriúnna ag fáil dáileoga de bhreis ar 1 mSv (Figiúr 3). Is féidir seo a chur síos do mhéadú i líon na n-aerchriúnna atá riachtanach leis na bealaí nua agus na cinn atá ann cheana a oibriú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar aerthaisteal.

Figiúr 3: Líon an aerchriú ag fáil dáileoga radaíochta ar mó ná 1 mSv iad



Nochtadh an daonra Éireannaigh do radaighníomhaíocht

Monatóireacht Timpeallachta

Tá clár monatóireachta timpeallachta ag an RPII chun leibhéil na radaighníomhaíochta san aer agus i mbia agus uisce a mheasúnú. Tá an príomhfhócas den chlár seo ar mheasúnacht an nochta dhaonna agus ar chosaint na sláinte daonna. Tá sé d'aidhm ag an gclár ceanglais dlíthiúla na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh, ceangaltais náisiúnta agus idirnáisiúnta eile a chomhlíonadh agus tacú le feidhmeanna comhairleacha agus soláthar faisnéise an RPII. Rud eile ligeann an clár don RPII córais agus gnáthaimh a choinneáil a lamhálann mearmheasúnóireacht den truailliú timpeallachta a bheith déanta i gcás éigeandála raideolaíche.

Tá sampláil agus tástáil na radaighníomhaíochta i nithe mar an t-aer, an fíoruisce, earraí bia, éisc, éisc sliogáin, feamainn, dríodair agus uisce farraige chomh maith le measúnóireacht leanúnach den radaighníomhaíocht gáma seachtrach ag stáisiúin monatóireachta timpeall na tíre. Tá an radaighníomhaíocht shaorga le fáil sa timpeallacht de bharr: i measc nithe eile, tástáil na n-arm núicléach, timpistí núicléacha mar Chernobyl roimhe seo agus gnáthsceite ó shuiteálacha núicléacha. Tá na sceite leachtacha ó stáisiún núicléach athphróiseála breosla Sellafield in iarthuaisceart Shasana ar an bhfoinse cheannasach den radaighníomhaíocht shaorga i Muir Meann. Taispeánann na sonraí monatóireachta muirí gurb é caitheamh an bhia farraige an príomhbhealach is cúis leis an nochtadh poiblí ag éirí as sceite na radaighníomhaíochta saorga don timpeallacht mhuirí.

D'aithin suirbhé na nósanna i 2008 dhá ghrúpa chriticiúla, iascairí tráchtála (Grúpa A) agus feirmeoirí tráchtála oisrí agus diúilicíní (Grúpa B) ag obair fan an chósta thoirthuaidh. Rinneadh measúnú dáileoige don dá ghrúpa seo. I 2009 measadh gurb iad na dáileoga taiscthe éifeachtúla do Ghrúpa A agus do Ghrúpa B ná 0.25 µSv agus 0.51 µSv, faoi seach. Le ligint do chomparáid leis na blianta roimhe seo, tá na dáileoga do thomhaltóir tipiciúil bia farraige ó Mhuir Meann de 0.1 µSv san áireamh. Taispeántar na dáileoga taiscthe éifeachtúla bliantúla do thomhaltóirí tipiciúla bia farraige de bharr caeisiam-137 idir 1982 agus 2009 i bhFigiúr 4.

Oibríonn an RSPI le cúnamh ó Mhet Éireann agus líon údarás áitiúil Buanghréasán Stáisiún Monatóireachta ar a n-áirítear measúnú leanúnach den ráta dáileoige gáma comhthimpeallach, sampláil cháithníneach aeriompartha do mheasúnú na radaighníomhaíochta agus bailiú uisce báistí. I rith 2009 rinneadh an ráta dáileoige gáma comhthimpeallach a thomhas ag 15 stáisiún agus tomhaiseadh radaighníomhaíocht san aer ag 12 stáisiún. Níor tugadh faoi deara aon leibhéil mhínormálta den ráta dáileoige gáma comhthimpeallach le linn na tréimhse seo. Bhí na leibhéil radaighníomhaíochta aeriompartha uile a tomhaiseadh íseal agus ar aon dul le tomhais sna blianta roimhe sin.

Oibríonn an RPII clár sistéamach monatóireachta den radaighníomhaíocht sa bhainne, san fhíoruisce agus san aiste bia mheasctha ó bhéilí iomlána sampláilte ó cheaintíní ollscoile. De bhreis air sin, tástáiltear réimse fairsing cineálacha bia eile go rialta. Taispeánann torthaí na n-anailísí seo go leanann leibhéil radaighníomhaíochta in earraí bia a bheith an-íseal. Taispeánann clár monatóireachta an RPII nach bhfuil contúirt sláinte sna dáileoga a théann i mbaol don phobal Éireannach agus go bhfuil siad an-íseal le taobh na dáileoige a fhaightear mar thoradh ar an radaíocht chúlrach (nádúrtha). Foilsítear na torthaí uile i sraith tuarascála monatóireachta atá le fáil ar shuíomh gréasáin an RPII, www.rpii.ie.

Radaighníomhaíocht sna Foinsí Screamhuisce

Thosaigh staidéar náisiúnta den radaighníomhaíocht sna Foinsí Screamhuisce i 2008. Tá an staidéar sceidealaithe le dul ar aghaidh go 2010 agus táthar á thabhairt faoi le comhoibriú an EPA (GCC)

Figiúr 4: dáileoga taiscthe éifeachtúla do thomaltóirí tipiciúla bia farraige de bharr caeisiam-137, idir 1982 agus 2009



Alan Reilly (FSAI) agus Ann McGarry (RPII) ag síniú an Mheabhráin Leasaithe Tuisceana

a thomhaisfidh na paraiméadair cheimiceacha ar a n-áirítear an t-úráiniam do na soláthairtí céanna. I 2009, bailíodh samplaí ó 98 suíomh agus anailísíodh iad dá ngníomhaíocht alfa iomlán agus béite iomlán. Úsáideadh treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) ar cháilíocht an fhíoruisce mar bhonn leis na sonraí seo a bhreithniú. Aithníodh suíomhanna inar mhó gníomhaíochtaí alfa iomlána agus béite iomlána ná na leibhéil scagthástála WHO (EDS) chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh i bpasanna níos déanaí den tionscadal. Do na samplaí uile a tástáladh bhí na hollghníomhaíochtaí béite tomhaiste faoi bhun an leibhéil scagthástála WHO (EDS) de 1.0 beicireil an líotar (Bq/l), áit a raibh 82 cheann faoi bhun an leibhéil scagthástála WHO (EDS) de 0.1 Bq/l d'ollgníomhaíocht alfa agus mar sin ag aithint an gá atá le tuilleadh fiosrúchán ag 16 suíomh. Tá tuilleadh samplála socraithe ag na suíomhanna seo agus críochnófar an anailís i 2010.

Meabhrán Leasaithe Tuisceana idir an RPII agus Udarás Sábháilteacha Bia na hÉireann

Tá Meabhrán Tuisceana (MoU) in áit ag an RPII agus ag an FSAI ó 2001 agus tá sé de chuspóir ag an MoU seo ná " comhoibriú agus obair go dlúth le chéile chun bunú agus coinneáil ardchaighdeáin sláinteachais bia a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí agus lena cosaint trí chinntiú go mbaineann bia amach na caighdeáin is airde sábháilteachta agus sláinteachas agus is féidir chomh fada agus a bhaineann le leibhéil radaighníomhaíochta de." Go dtí seo, d'fhóin an MoU seo go maith don dá eagraíocht agus tá comhoibriú bisiúil agus caidreamh oibre ar fheabhas idir an fhoireann sa dá chomhlacht phoiblí mar thoradh air. Ag cruinniú déthaobhach i 2008 d'aontaigh an dá pháirtí an MoU a chomhbhreithniú agus a uasdátú. Bhí an t-athbhreithniú seo ann i 2009 agus aontaíodh ar MoU leasaithe i mí na Nollag. Ar na hathruithe a rinneadh sa MoU leasaithe áirítear mionsaothrú níos soiléire de na freagrachtaí atá ag an dá údarás faoi reachtaíocht EU (AE) agus idirnáisiúnta, aithint na réimsí is díol spéise dóibh araon agus creat níos mionsonraithe do chruinnithe idir an dá chomhlacht.

Piarmheasúnú de Chláir Mhonatóireachta

Ó thosaigh clár monatóireachta radaighníomhaíochta timpeallachta an RPII sna 1980í luatha, i measc nithe eile tá sé fabhraithe le hathruithe sna leibhéil agus sna radanúiclídí a sceitheadh thar lear agus na hacmhainní atá ar fáil a léiriú. Ar an leibhéal oibríoch athbhreithnítear an plean monatóireachta go bliantúil agus comh deireanach le 2007 athbhreithníodh gnéithe den chlár go fabhrach ag foireann saineolaithe ón gCoimisiún

Eorpach mar chuid de mhisean fíoraithe faoi Théarmaí Airteagal 35 den Chonradh Euratom.

Chun an clár a mheas ar leibhéal straitéiseach, i 2009 fuair an RPII scóip agus éifeachtúlacht a chláir monatóireachta athbhreithnithe ag piarghrúpa idirnáisiúnta. Ba é eochairchuspóir an athbhreithnithe ná chun a mheas an bhfuil clár monatóireachta timpeallachta an RPII ag teacht lena aidhmeanna agus cuspóirí sonraithe agus chun moltaí feabhsaithe a chur ar fáil dá mba ghá.

Áirítear cúigear saineolaí neamhspleách ar an bpainéal athbhreithnithe ó Éirinn, an Ríocht Aontaithe agus an Danmhairg roghnaithe ar bhonn a gcuid oilteachta agus a gcuid eolais i réimse ábhar a bhain le cosaint radaíochta agus monatóireacht timpeallachta. D'éadóirsigh an painéal athbhreithnithe clár monatóireachta an RPII tríd is tríd agus mheas sé go raibh an clár reatha sásúil agus láncheart ó thaobh an pobal a chur ar a shuaimhneas agus an gá le comhairle bheacht agus eolaíochtbhunaithe a chur ar fáil don Rialtas. Chuaigh cuid mhór gnéithe d'obair an RPII a bhain leis an gclár monatóireachta ar a n-áirítear an córas cáilíochta, obair idirchomparáide agus ráta na bhfoilseachán in irisí piarmheasúnaithe i bhfeidhm ar an ngrúpa freisin.

Rinne an grúpa roinnt moltaí sonracha maidir leis an tsampláil a athchur in ord tosaíochta, úsáid biotáscairí agus baisceadh samplaí. Chuir an grúpa béim ar an tábhacht a bhí leis an bhfoireann a fhorbairt agus a choinneáil agus mhol siad an RPII as an obair tionscadalbhunaithe ar tugadh fúithi agus na buntáistí sofheicthe a d'fás aisti. Mhothaigh an grúpa go raibh sé tábhachtach eochairscileanna anailíse is gá chun tacú leis an gclár a aithint agus a chinntiú go raibh an oiliúint chuí agus an cleachtadh ag an bhfoireann leis na scileanna sin a choinneáil. Mhol sé thairis sin go leanfadh an RPII le feabhas a chur ar an gcomhoibriú le hollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal in Éirinn agus le comheagraíochtaí go hidirnáisiúnta.

Nochtadh ó Thomhais Dáileogmhéadrachta Gairme

Cuireann an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta seirbhís monatóireachta phearsanta ar fáil le haghaidh cinneadh an nochta gairme do radaíocht ianaithe. I 2009 fuair 181 nó 2.2% de na daoine aonair a ndearna an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta monatóireacht orthu dáileoga bliantúla ar mhó ná an t-íosleibhéal tuairiscithe de 0.1 mSv. Díobh seo fuair 35 oibrí ó na hearnálacha leighis agus tionscail dáileoga bliantúla ar mhó ná an teorainn dáileoige do bhaill an phobail de 0.1 mSv. Ba í an dáileog bhliantúil ab airde a tomhaiseadh le linn 2009 ná 3.3 mSv a fuair radagrafaí tionscail.

Fuair trí dhuine is nócha a bhí ag obair i réimsí tionscail, leighis, tréadliachta agus taighde dáileoga foircinn intomhaiste. Ba í an dáileog bhliantúil ab airde ná 46.6 mSv do lámh dheis fisiceoir leighis.

Is féidir na dáileoga seo a chur i gcomparáid leis na teorainneacha dáileoige bliantúla do dháileoga lánchoirp agus foircinn ag oibrithe a nochtadh do radaíocht ianaithe de 20 mSv agus 500 mSv, faoi seach.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Lean an RPII de bheith ag glacadh páirt i líon gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a bhain le monatóireacht timpeallachta agus dáileoige daonra. I 2009 orthu seo bhí: Grúpa Saineolaithe de chuid na Gníomhaireachta Fuinnimh Núicléach (NEA) ar impleachtaí moltaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (ICRP) agus an Choiste um Chaighdeáin Sábháilteachta Radaíochta (RASSC) de chuid an IAEA. Dhírigh an dá dhream ar fhorbairt Bunchaighdeán Sábháilteachta Idirnáisiúnta bunaithe ar mholtaí 2007 an ICRP. I rith 2009 chuaigh saotharlann an RPII isteach i ngréasán ALMERA (Saotharlanna Anailíseacha do Thomhas na Radaíochta Timpeallachta) de chuid an IAEA. Tá sé d'aidhm ag an ngréasán seo tacú le ballsaotharlanna trí mhodheolaíochtaí caighdeánaithe a fhorbairt agus trí chleachtaí comparáide idirshaotharlainne agus tástálacha inniúlachta. Ar na gníomhaíochtaí idirnáisiúnta eile le linn 2009 bhí rannpháirtíocht i ngrúpa ionadaí Ballstát Airteagal 35/36, i Sainghrúpa an NEA um Nochtadh Gairme agus i nGrúpa Dáileogmhéadrachta Seachtrach na hEorpa (EURADOS).

Radón

Réamhrá

Is é an radón an phríomhfhoinse nochta radaíochta don daonra Éireannach, rud is cúis le 56% den dáileog iomlán ó gach foinse. Is gás radaighníomhach é a tharlaíonn go nádúrtha a eascraíonn ón úráiniam atá sna carraigeacha agus na hithreacha uile. Tá cuspóirí straitéiseacha an RPII faoi radón leagtha amach ina Phlean Straitéiseach agus orthu seo áirítear oibriú chun feasacht i measc na n-eochairpháirtithe leasmhara a mhéadú agus glacadh agus cur i bhfeidhm straitéis náisiúnta rialála radóin ag an Rialtas a spreagadh. Ba eilimint thábhachtach d'obair an RPII thar an tréimhse seo ná na caidrimh le gníomhaireachtaí poiblí eile a fhorbairt agus iad díríthe ar na cuspóirí seo a chur chun cinn. Go sonrach le linn 2009 d'oibrigh an RPII go dlúth leis an HSE (FSS), Údaráis Áitúla, an HSA agus An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR).

Dul i nGleic le Comhlachtaí agus Eagraíochtaí Poiblí Eile

Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte

De réir téarmaí an Mheabráin Tuisceana cuireadh grúpa oibre ar radón ar bun in éineacht leis an HSE (FSS). Ba í príomhobair an ghrúpa seo a tháinig le chéile naoi n-uaire le linn 2009 ná forbairt páipéir comhsheasaimh faoi radón. D'aithin an ráiteas tábhachtach seo an radón mar ghuais sláinte poiblí thábhachtach a éilíonn freagairt náisiúnta comhordaithe. Molann an doiciméad bunú grúpa atá comhdhéanta go cuí leis na húdaráis áitiúla ábharthacha ina measc a bhfuil sé de chúram air straitéis náisiúnta rialála radóin a fhorbairt d'Éirinn.

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Le linn 2009 chuir an RPII agus an DEHLG comhthogra faoi bhráid an DCENR faoin ngá leis an tionchar féideartha ar leibhéil radóin istigh i dtithe cónaithe aisfheistithe le hinsliú chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú. D'aibhsigh an togra easpa sonraí is infheidhme do thíortha le haeráidí mar Éire agus d'aithin an gá le taighde. Ba é an eochairmholadh ná go raibh gá le taighde agus gur chóir tionscadal píolóta taighde a sheoladh i gcomhar le DCENR.

Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

Soláthraíonn an Meabhrán Tuisceana leis an HSA do bhunú grúpa oibre ar radón. Faoi choimirce an ghrúpa oibre seo críochnaíodh cruinnithe réigiúnacha leis na cigirí HSA le linn 2009 le heolas faoin radón a chur ar fáil dóibh. Bhí sé d'aidhm ag na cruinnithe seo radón a bheith áirithe i gcigireachtaí HSA de na hionaid oibre. I rith 2009 d'áirigh an HSA radón i roinnt 619 gcigireacht agus spreag seo ar a uain méadú suntasach ar líon na bhfiosruithe don RPII ó fhostóirí. Leanfaidh an obair seo i 2010.

Údaráis Áitiúla

I rith na bliana d'fhoilsigh an RPII treoirleabhar do na húdaráis áitiúla faoi chur i bhfeidhm clár tomhais radóin i dtithíocht shóisialta. Comhthreomhar le forbairt an treoirleabhair seo seoladh clár fairsing chun feasacht na n-údarás áitiúil a ardú ar an ngá a bhí le déileáil le radón i dtithíocht shóisialta. Tugadh tús áite do chontaetha le hardleibhéil radóin nár déileáladh le radón i dtithíocht shóisialta iontu go fóill. Go sonrach le linn 2009 tugadh faoi obair le húdáráis áitiúla i gCeatharlach, An Clár, Ciarraí, Gaillimh, Lú, Sligeach, Cill Mhantáin, Loch Garman agus Port Láirge. Leanann an RPII de bheith ag tacú le húdáráis áitiúla ina n-iarrachtaí chun déileáil le radón ina n-ionad oibre agus i dtithíocht shóisialta.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta faoi Radón

I mí Mheán Fómhair d'fhoilsigh An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) a Lámhleabhar faoi Radón Istigh Peirspictíocht Sláinte Phoiblí. Tá an foilseachán tábhachtach seo mar eochairtháirge den Tionscadal Idirnáisiúnta Radóin a comhurraíodh ag Rialtas na hÉireann a chuir tacaíocht airgeadais agus teicniúil ar fáil go príomha faoi choimirce an RPII. Leagann an Lámhleabhar creat amach d'fhorbairt na gclár náisiúnta radóin agus is féidir é a úsáid mar threoirleabhar d'fhorbairt straitéis náisiúnta radóin in Éirinn. I rith 2009 chuir an RPII go gníomhach freisin le forbairt na bpolasaithe radóin ag líon comhlachtaí idirnáisiúnta ar a n-áirítear Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (ICRP), IAEA agus an Coimisiún Eorpach.

Tomhais Radóin agus Tíolachadh Réadmhaoine

I rith 2009 d'athbhreithnigh an RPII conas gur féidir nochtadh faoi radón sa phróiseas tíolactha a úsáid mar uirlis chun an ráta ag a bhféadfaí tithe cónaithe le tiúchana ardradóin a aithint. D'fhéach an t-athbhreithniú seo ar thíortha mar Shasana agus an Bhreatain Bheag, áit ar cuireadh an cineál seo ceanglais i bhfeidhm. Sna tíortha seo fuarthas go raibh cur isteach radón sa tíolacadh ríthábhachtach in ardú na feasachta ar an radón i measc ceannaitheoirí tithe cónaithe agus in ardú líon na dtomhas radóin. Measadh dá dtabharfaí bearta den chineál chéanna isteach in Éirinn go bhféadfaí an t-am ba ghá leis an stoc náisiúnta tithíochta a thomhas a laghdú ó 400 bliain ag an ráta reatha tomhais go 40 bliain.

Aithnítear go forleathan go bhfuil sé riachtanach radón a thomhas thar thréimhse de thrí mhí ar a laghad chun measúnú beacht a dhéanamh de na tiúchana radóin fadtéarmacha i dteach. Feictear seo amanna in Éirinn agus go hidirnáisiúnta mar bhac le cur isteach an radóin sa phróiseas tíolactha. I rith 2009 rinneadh taighde i gcomhar le UCD le fiosrú an bhféadfaí tomhas le cineál scagthástála níos giorra a úsáid i rith an phróisis tíolactha. Faoina leithéid de scéim d'fhéadfaí tithe le leibhéil radóin atá go suntasach faoin Leibhéal Tagartha a ghlanadh ag úsáid tomhas scagthástála fad is a bheadh gá ag tithe eile le lántomhas trí mhí.

Fóram Náisiúnta Radóin

Bhí an Fóram Náisiúnta Radóin i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna leis an téama "Towards the development of a radon control strategy for Ireland" ("I dtreo forbairt straitéise rialaithe radóin d'Éirinn). Osclaíodh an seachtú fóram seo ag an Uas. Michael Finneran, TD, Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le freagracht speisialta as Tithíocht, Athnuachan Uirbeach agus Forbairt Ceantar. Tugann an Fóram le chéile iad siúd a bhfuil ról acu i laghdú an riosca ó radón in Éirinn ar a n-áirítear cuideachtaí tomhais, cuideachtaí leigheasacháin, lucht taighde, ionadaithe poiblí, údaráis áitiúla, an pobal agus gníomhaireachtaí le freagracht as caighdeáin tógála agus as sláinte agus sábháilteacht. Chuala an fóram cainteanna ón RPII agus an HSE (FSS) faoi fhorbairt straitéis rialaithe radóin d'Éirinn agus cad a d'féadfadh a bheith ina leithéid de straitéis. Ina dhiaidh sin bhí cur i láthair ar úsáid na hanailíse cost-éifeachtúlachta i bhforbairt straitéis rialathe radóin ag an Ollamh Alastair Gray ón Ionad um Thaighde Eacnamaíocht Sláinte, Ollscoil Oxford. Ar oscailt an fhóraim dó, thaispeáin an tAire Finneran go raibh gá le hionchur ó chuid mhór gníomhaireachtaí náisiúnta agus eochairpháirtithe leasmhara eile le déileáil go héifeachtúil leis an bhfadhb radóin.

Staitisticí Tomhais Radóin agus Feasacht an Phobail

I mí Dheireadh Fómhair aithníodh go raibh leibhéil fíorarda radóin ag dhá theach cónaithe i dTrá Li. Bhí leibhéal 8500 beicireil an méadar ciúbach (Bq/m^3) ag teach cónaithe amháin agus leibhéal 14,000 Bq/m^3 ag an dara teach cónaithe. Tá siad seo ar na leibhéil is airde radón a fuarthas riamh in Éirinn. Is féidir na leibhéil seo a chur i gcomparáid leis an Leibhéal Tagartha, 200 Bq/m^3. Aithníodh leibhéil an-arda radóin freisin i dtithe cónaithe i dTobar an Choire, Co. Shligigh (2900 Bq/m^3), i mBaile an Mhóta, Co. Shligigh (2800 Bq/m^3), i gClár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo (3200 Bq/m^3), san Inis, Co. an Chláir, (2200 Bq/m^3), in aice leis an Trá Mhór, Co. Phort Láirge (3100 Bq/m^3) agus i gCluain Meala, Co. Thiobraid Árann (2900 Bq/m^3).

I ngach cás, d'eisigh an RPII preaseisiúint agus chuaigh i ngleic leis na meáin áitiúla chun feasacht ar an riosca radóin a chur chun cinn go háitiúil. Ag cur san áireamh na leibhéil fíorarda a fuarthas i dTrá Lí reachtáil an RPII, cruinniú poiblí sa bhaile i gcomhar leis an T.D. áitiúil, an tUas. Jimmy Deenihan. Bhí freastal an-mhaith ar an gcruinniú agus tugadh deis don phobal áitiúil ceisteanna a chur maidir lena riosca ard radóin i bhfianaise an léimh fhíoraird. I gcomhar le Comhairle Baile Chóbh reachtáladh cruinniú poiblí i gCóbh i mí Feabhra faoin riosca sa cheantar.

Tugann Tábla 2 achoimre de thomhais radóin an RPII suas go dti an 31ú Nollaig 2009.[1] Den thart faoi 37,575 thoradh, bhí roinnt 11,300 mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Radóin. Ba thomhais íoctha le táille don chuid is mó a bhí sa chuid eile. Go dtí seo níor aithníodh ach 4921 teach as an 91,000 teach cónaithe le tiúchana radóin os cionn 200 Bq/m³ a mheastar a bheith ann. Astu seo tá 491 teach os cionn 800 Bq/m³ agus meastar an uimhir sin a bheith an-ard. Is iad na contaetha leis an gcéadatán is airde tithe cónaithe os cionn an Leibhéil Tagartha ná Sligeach (24%), Port Láirge (22%), Gaillimh (21%), Ceatharlarch (17%), Cill Mhantáin (17%), Maigh Eo (16%) agus Loch Garman (15%). I rith 2009, tomhaiseadh tiúchana arda radóin i 313 theach cónaithe.

Tábla 2: Scaipeadh na dtorthaí tomhais radóin de réir contae (bunaithe ar thomhais a críochnaíodh suas go 31ú Nollaig 2009)

Contae			Líon na dtithe i gcatagóirí tiúchana radóin			
	Líon na dtithe a tomhaiseadh	% de na tithe cónaithe >200 Bq/m³	0-199 Bq/m³	200-800 Bq/m³	>800 Bq/m³	An tiúchan is mó a tomhaiseadh (Bq/m³)
Ceatharlach	700	17	575	115	6	1700
An Cabhán	365	3	350	10	0	800
An Clár	3250	11	2890	305	59	3500
Corcaigh	4425	11	3930	460	34	4500
Dún na nGall	1180	5	1125	55	0	500
Áth Cliath	2470	6	2315	155	1	1400
Gaillimh	4770	21	3775	885	105	3400
Ciarraí	3120	14	2680	340	94	49,000
Cill Dara	985	5	935	45	3	1100
Cill Chainnigh	935	13	815	115	6	2400
Laois	490	3	470	15	0	600
Liatroim	300	7	280	20	1	1600
Luimneach	1050	7	970	75	3	1900
An Longfort	270	8	250	20	1	900
Lú	585	12	510	70	0	700
Maigh Eo	3095	16	2590	470	33	6200
An Mhí	725	9	660	60	2	900
Muineachán	255	6	240	15	0	800
Uíbh Fhailí	420	2	405	10	0	500
Ros Comáin	530	10	475	50	2	1400
Sligeach	1470	24	1115	295	56	5500
Tiobraid Árann	1615	11	1435	165	14	2400
Port Láirge	1085	22	845	205	34	9700
Loch Garman	1300	15	1105	175	17	2900
An Iarmhí	555	8	505	45	0	700
Cill Mhantáin	1630	17	1355	255	20	16000
Iomlán	**37,575**	**13**	**32,600**	**4430**	**491**	

1 *Rinneadh líon na dtithe cónaithe sna colúin a shlánú síos go dtí an 0 nó an 5 is giorra. Ar an ábhar sin tá an fhíoruimhir rud beag níos mó ná an figiúr a thaispeántar. Eisceacht a bhí sa cholún dar ceannteideal tithe cónaithe níos mó ná 800 Bq/m³, áit nach raibh gá leis na huimreacha measartha íseal a shlánú síos.*

Suirbhé Náisúnta Tóróin

Críochnaíodh tomhais gháis tóróin, táirgí meatha tóróin agus gáis radóin i 205 theach cónaithe Éireannacha ó thithe timpeall na tíre i 2009 don Suirbhé Náisúnta Tóróin. Tá an suirbhé seo atá ina thionscadal comhoibríoch idir an RPII, UCD agus Institiúid Náisiúnta na nEolaíochtaí Raideolaíocha sa tSeapáin ar cheann de na suirbhéithe is cuimsithí ar tugadh faoi in aon áit sa domhan.

Is í an phríomhfhoinse de ghás tóróin i dtithe cónaithe ná tóiriam a tharlaíonn go nádúrtha sna hábhair thógála. Ní hionann agus radón is beag tionchar atá ag an ngeolaíocht áitiúil ar leibhéil tóróin sna tithe mar toisc an leathshaol gairid atá ag tórón (55.6 soicind) bíonn an chuid is mó de meata faoin am a aistríonn sé ón ithir faoin talamh isteach sa teach cónaithe.

Toisc leathshaol tóróin is iad na táirgí meatha agus ní tórón féin a chuireann leis an dáileog radaíochta. Taispeánann Figiúr 5 dáileadh na ndáileog bliantúil measta ó tháirgí meath tóróin sa staidéar seo.

Ón staidéar seo measadh go raibh an mheándáileog de bharr táirgí meath tóróin 0.35 mSv/bliain. Is ionann seo agus thart faoi 10% den mheándáileog iomlán ó na foinsí uile don daonra Éireannach. Ba é an uasdáileog sa staidéar seo ó tháirgí meath tóróin ná 2.8 mSv/bliain. Is féidir iad seo a chur i gcomparáid le dáileog de 5 mSv/bliain ó thiúchana radóin istigh ag an Leibhéal Tagartha náisiúnta i.e. an leibhéal os a chionn a bhfuil leighseachán molta, 200 Bq/m^3.

Figiúr 5: Dáileog bhliantúil táirgí meath tóróin (mSv)



Seirbhísí Tomhais Radaíochta

Réamhrá

Cuireann an RPII réimse seirbhísí tomhais radaíochta ar fáil ar a n-áirítear: dáileogmhéadracht phearsanta, calabrúchán ionstraime, tomhas radóin, deimhniúchán táirge agus seirbhísí anailíseacha. Úsáidtear na seirbhísí seo le tacú le cláir an RPII féin agus cuirtear ar fáil iad freisin ar bhonn tráchtála do chustaiméirí ar a n-áirítear ospidéil, tionscal agus bunaíochtaí oideachais. I rith 2009 cheadaigh an Bord bunú fochoiste chun soláthar seirbhísí tráchtála ag an RPII a athbhreithniú. Chuir an fochoiste tuarascáil eatramhach i láthair an Bhoird i mí Iúil inar scrúdaigh sé i gcás gach seirbhís acu a chuirtear ar fáil faoi láthair an réasúnaíocht leis an tseirbhís a chur ar fáil, an cion tairbhe don ioncam agus inbhuanaitheacht na seirbhíse san am atá le teacht.

Tá an RPII tiomanta do chaigdeáin ardcháilíochta a choinneáil dá ghníomhaíochtaí tomhais uile. Tá córas bainistíochta cáilíochta saotharlainne creidiúnaithe do ISO 17025 ag INAB. Glacann an RPII páirt i réimse leathan clár idirchomparáide saotharlainne atá eagraithe ag an IAEA, an Coimisiún Eorpach agus gníomhaireachtaí náisiúnta eile. Feictear rannpháirtíocht sna líonraí saineolaithe teicneolaíocha idirnáisiúnta mar eilimint ríthábhachtach chun ardcháilíocht seirbhíse a choinneáil agus i rith 2009 bhí an RPII páirteach i líon grúpaí mar sin a raibh baint aige le gach réimse dá ghníomhaíochtaí.

Seirbhísí Anailíseacha

Tomhaiseann an RPII radaighníomhaíocht i réimse fairsing earraí bia agus samplaí timpeallachta. Tugtar faoin obair seo mar thaca le clár monatóireachta radaighníomhaí timpeallachta agus ar bhonn conartha thar ceann cliant seachtrach. Ar na seirbhísí conartha anailíseacha a cuireadh ar fáil i rith 2009 áirítear: tástáil táirge Éireannaigh do chomhlíonadh ceanglas na dtíortha iompórtála, tástáil an fhíoruisce do chomhlíonadh ceanglas Rialacha na gComhphobal Eorpach, tástáil na dtástálacha ciarsúir d'fhoinsí radaighníomhacha, tástáil na samplaí dreideála do chomhlíonadh ceanglas an Achta Dumpála ar Muir, 1996 agus tomhas an radóin san fhíoruisce. Go hiomlán, tástáladh 1894 shampla i rith na bliana agus léiríonn Tábla 3 miondealú an lín seo de réir cineál sampla. Cuireann an RPII seirbhís deimhniúcháin ar fáil d'easpórtálaithe earraí bia Éireannach agus táirge eile. Ba é líon na dteastas táirge a eisíodh i 2009 ná 3198 dteastas. Is féidir seo a chur i gcomparáid le 3301 cheann i 2008, 3445 cinn i 2007 agus 4229 gcinn i 2006, rud a léiríonn laghdú diaidh ar ndiaidh don tseirbhís seo.

I rith 2009 lean an RPII de bheith páirteach i líonraí saineolaithe teicniúla idirnáisiúnta a bhí ábharthach do sheirbhísí anailíseacha ar a n-áirítear Grúpa Neamhfhoirmiúil Oibre na nAnailísithe (AIWG) a reachtálann Gníomhaireacht Cosanta Sláinte na Ríochta Aontaithe (UK-HPA) agus Fóram Úsáideoirí Speictriméadrachta Núicléiche agus Drithlíochta Leachtaí a óstálann Saotharlann Fhisiciúil Náisiúnta na Ríochta Aontaithe.

Tábla 3: Tástáil radaighníomhaíochta ar shamplaí timpeallachta agus earraí bia, 2009

Cineál Sampla	Líon
Samplaí aerscagaire	429
Samplaí timpeallachta – domhanda agus muirí	425
Samplaí tástála ciarsúir	371
Samplaí conartha	669
Iomlán	**1894**

Dáileogmhéadracht Phearsanta

I 2009 d'eisigh an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta thart faoi 78,000 dáileogmhéadar lánchoirp, foircinn agus neodróin d'os cionn 8000 duine in Éirinn. B'ionann seo agus laghdú ar líon na ndáileogmhéadar a eisíodh i 2008 agus 2007 ag 92,000 agus 84,000, faoi seach.

I 2009 thug an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta isteach líon tionscnamh nua custaiméara seirbhís-tiomáinte ar a n-áirítear tabhairt isteach coimeádán daite do dháileogmhéadair lánchoirp agus saoráid ar-líne ar an suíomh gréasáin RPII do chustaiméirí na Seirbhíse Dáileogmhéadrachta chun leasuithe ar a gcuid cuntas a iarraidh. Tugadh isteach freisin scéim sonraiscthe a thairg lascainí do chuid mhór custaiméirí.

Feictear rannpháirtíocht sna grúpaí dáileogmhéadrachta idirnáisiúnta mar eilimint ríthábhachtach chun ardcháilíocht seirbhíse a choinneáil agus lean an fhoireann Seirbhíse Dáileogmhéadrachta bheith páirteach ag leibhéil Comhairle i nGrúpa Dáileogmhéadrachta Seachtrach na hEorpa (EURADOS) agus i nGrúpa Monatóireachta na Radaíochta Pearsanta (PRMG).

Seirbhís Calabrúcháin

I 2009 tástáladh 419 n-ionstraim ag an tSeirbhís Calabrúcháin do chomhlíonadh sonraí an déantóra ábharthaigh.

I 2009 coimisiúnadh córas nua ionradaíochta rianléas a dhéantar ag Hopewell Designs Inc. sna Stáit Aontaithe. Bhí an córas seo níos uathoibrithe ná an t-ionradaitheoir ar tháinig sé ina áit agus lamhálann sé calabrú síos go rátaí dáileoige níos ísle a bhaint amach.

I 2009, lean foireann na Seirbhíse Calabrúcháin a bheith ina mbaill de Líonra Dáileogmhéadrachta Caighdeán Tánaisteach de chuid Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh IAEA SSDL, an Fóram Meitreolaíochta Radaíochta Ianaithe IRMF agus de Ghrúpa Méadreolaíochta na hEorpa EURAMET.

Tomhas Radóin

Soláthraíonn an RPII seirbhís tomhais radóin in aer do thithe cónaithe, ionaid oibre agus scoileanna. I 2009, críochnaíodh tomhais radóin i 2550 teach cónaithe a raibh 1910 gceann acu ina ngnáth-thomhais tí cónaithe, áit a raibh an chuid eile do chuspóirí taighde. Tomhaiseadh 302 ionad oibre do radón a raibh 39 gceann acu ina scoileanna.

Ulllmhacht Éigeandála

Réamhrá

Faoin bPlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha (NEPNA), tá freagracht reachtúil ag an RPII as an tionchar ar Éirinn ó aon timpiste núicléach a tharlaíonn thar lear a mheas agus as comhairle a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí a d'féadfaí a mheas. Mar thaca leis na feidhmeanna seo oibríonn an RPII Líonra Buanstáisiún Monatóireachta (mar a thaispeántar i bhFigiúr 6), coinníonn gnáthaimh éigeandála agus glacann páirt go rialta i gcleachtaí éigeandála náisiúnta agus idirnáisiúnta. Glacann an RPII ról an-ghníomhach freisin i dtionscnaimh náisiúnta atá nasctha le NEPNA agus grúpaí pleanála éigeandálaí eile. Taispeántar na nascála idir na grúpaí seo i bhFigiúirí 7 agus 8 do fhreagairt éigeandála agus pleanáil faoi seach.

Figiúr 6: Buanstáisúin Monatóireachta an RPII

RPII Pleananna Éigeandála

Éilítear ar na Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí uile le freagrachtaí faoin NEPNA fophleananna scríofa a bheith acu ag taispeáint conas a gcuirfidh siad na freagrachtaí sin i gcrích. I 2009 críochnaíodh an fophlean leasaithe de chuid an RPII agus formheasadh é chun glacadh leis. I 2010 tá sé beartaithe oiliúint a eagrú don fhoireann RPII uile faoina róil sa phlean éigeandála. Mar chuid dá phlean éigeandála, oibríonn an RPII córas oifigeach dualgais trína mbíonn bainisteoir sinsearach den RPII ar glao-dhualgas i gcónaí. Athbhreithníodh na riachtanais teicneolaíochta d'fheidhmiú an róil seo agus ullmhaíodh sraith moltaí le cur i bhfeidhm i 2010. Ar na moltaí seo áirítear fóin póca na n-oifigeach dualgais a uasghrádú go fóin cumasaithe do r-phost agus don ghréasán.

Lámhleabhar Talmhaíochta agus Bia

I 2009 bhunaigh an An Roinn Talmhaíochta, Iascaireachta agus Foraoiseachta (DAFF) sainghrúpa Tionscadal le leagan Éireannach saincheaptha den lámhleabhar a bhí níos ginearálta "Generic Handbook for Assisting in the Management of Contaminated Food Production Systems in Europe following a Radiological Emergency" ("Lámhleabhar Cineálach le cuidiú le Bainistíocht na gCóras Táirgeachta Bia Truaillithe san Eoraip") a ullmhaíodh mar chuid de thionscadal EU (EURANOS). Cuimsíonn an Grúpa Tionscadail Éireannach saineolaithe DAFF ó gach earnáil den tionscal táirgeachta bia in Éirinn (barraí agus ainmhithe) mar aon le saineolaithe ón RPII, an FSAI agus an DEHLG. Clúdóidh an Lámhleabhar Éireannach réimse cnámh scéil leis an bpoitéinseal do thruailliú radaighníomhach na gcóras táirgeachta bia Éireannaigh agus úsáidfear é mar acmhainn luachmhar don oiliúint agus do chleachtaí éigeandála núicléiche.

Cleachtaí Éigeandála

Reachtálann an RPII clár bliantúil cleachtaí éigeandála le hoilteacht na foirne a choinneáil. Ar na cleachtaí seo áirítear gnéithe de phleananna éigeandála an RPII mar an fógra tosaigh d'oifigeach dualgais an RPII, measúnú timpiste núicléiche ionsamhlaithe ag úsáid uirlisí réamh-mheasa ríomhaire agus úsáid na nasc tiomanta cumarsáide leis an Lárionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála.

De bhreis ar a cleachtaí inmheánacha éigeandála ghlac an RPII páirt freisin in ocht gcleachtadh idirnáisiúnta éigeandála eagraithe ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (cleachtaí ConvEx) agus ag an gCoimisiún Eorpach (cleachtaí ECURIE). Bhí tábhacht go háirithe leis an gcleachtadh ECURIE Leibhéal-3 i mí na Samhna 2009. Dearadh an cleachtadh seo le gnáthaimh malartú eolais ECURIE a thástáil nuair a bhraitear leibhéil mhínormálta radaíochta i gceantar turasóireachta móréilimh i dtír EU (AE). Bhí an cleachtadh aon lae mar thástáil an-úsáideach roinnt eolais ar fhreagairtí náisiúnta ar eachtra a d'fhéadfadh cur isteach ar shaoránaigh cuid mhór tíortha agus iad thar lear. Bhí fregairt an RPII díríthe ar an staid a mheas agus comhairle a thabhairt faoi threoir a bhí le heisiúint do shaoránaigh

Éireannacha sa cheantar a chuirfí as dó. Mhol an tuarascáil measúnaithe cleachtaidh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh an tÚdarás Inniúil Éireannach as preaseisiúint a bhí faisnéiseach agus formáidithe go han-mhaith.

Foláirimh Éigeandála

Tá dhá chóras idirnáisiúnta neamhspleácha in áit do mhearfhógairt aon éigeandálaí raideolaíocha a bhfuil tionchar trasteorann poitéinsiúil i gceist leo. Oibrítear iad seo ag an IAEA i Vín (EMERCON) agus ag an EC (AE) i Lucsamburg (ECURIE). Oibríonn na córais seo go leanúnach agus déantar iad a thástáil agus a uasdátú go rialta (mar shampla, déantar bealaí cumarsáide don chóras EC a uath-thástáil ar bhonn laethúil). Tá leibhéil difriúla práinne ag baint leis na teachtaireachtaí a chuirtear in iúl trí na córais seo, le 'foláireamh' ar an gceann is práinní. Ní raibh aon fholáirimh EMERCON nó ECURIE i 2009.

Figiúr 7: Struchtúir straitéiseacha agus nascála do fhreagairt éigeandála



Figiúr 8: Struchtúir straitéiseacha agus nascála do phleanáil éigendála



Sábháilteacht na Saoráidí Núicléacha Thar Lear

Tá freagracht reachtúil ag an RPII monatóireacht a dhéanamh i ndáil le sábháilteacht núicléach agus comhairle a thabhairt don Rialtas maidir leis sin. Baineann an RPII leas as na feidhmeanna seo trí idirchaidreamh le rialtóirí núicléacha agus cuairteanna ar shaoráidí núicléacha thar lear. Athbhreithníonn an RPII freisin an litríocht theicniúil agus eolaíoch sa dóigh go bhfuil sé iomlán eolach ar na saincheisteanna idirnáisiúnta uile agus ar a n-impleachtaí poitéinsiúla d'Éirinn.

Creat Comhphobail Eorpaigh don tSábháilteacht Núicléach – An Treoir um Shábháilteacht Núicléach

Ar an 25ú Meitheamh 2009 ghlac an Chomhairle Eorpach le Treoir (Treoir 2009/71/EURATOM) ag bunú creat Comhphobail do shábháilteacht na suiteálacha núicléacha. Is iad príomhchuspóirí na Treorach ná feabhsú leanúnach ar an tsábháilteacht núicléach agus a rialáil a choinneáil agus a chur chun cinn. Caithfidh na Ballstáit EU (AE) ullmhú le haghaidh creataí cuí sábháilteachta núicléiche náisiúnta a chinnteoidh ardleibhéal sábháilteachta núicléiche chun oibrithe agus an pobal i gcoitinne a chosaint in aghaidh na gcontúirtí atá ag éirí as suiteálacha núicléacha. Iarrtar thairis sin ar na Ballstáit ardleibhéil trédhearcachta na ngníomhaíochtaí rialála a spreagadh agus measúnuithe sábháilteachta neamhspleácha rialta a ráthú. Tugann an Treoir feidhm dlí go bunúsach do na príomhchaighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta núicléiche atá forbartha sna 'Bunúsaigh Sábháilteachta' a bhunaigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (IAEA) agus na príomhoibleagáidí sa Choinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach. Chuir an RPII le forbairt na treorach trína rannpháirtíocht i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG). Tá an Treoir le cur i bhfeidhm ag Ballstáit roimh an 22 Iúil 2011.

An tSábháilteacht Núicléach san UK

Leanann an RPII de bheith ag monatóireacht na bhforbairtí ag Sellafield agus ionaid núicléacha UK eile. Ag Sellafield tugtar aire faoi leith don dul chun cinn i bhfolmhú Umair Stórála Ardghníomhacha (HASTs) a mbíonn méadanna móra dramhaíola radaighníomhaí leachtaí iontu a tháirgítear mar thoradh ar athphróiseáil breosla caite. Folmhaítear na HASTs tríd an dramhaíl leachtach a chur go gloiniúchán (i.e., ionchorprú i mbloic ghloine). Sonraíonn Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe – Stiúrthóireacht Núicléach (UK-HSE-ND) dianteorainneacha ar mhéad na dramhaíola leachtaí a d'fhéadfái a stóráil sna HASTs ag aon am faoi leith agus éiríonn an teorainn seo níos déine le himeacht ama go teorainn deiridh de thoirt "maolán" de 200 m^3 go díreach roimh 2015. Coinnítear an RPII go hiomlán ar an eolas faoin dul chun cinn i laghdú thoirt na dramhaíola leachtaí atá á stóráil sna HASTs. De thoradh ar fhadhbanna teicniúla le linn 2009 leis an tsaoráid Stórála agus Galú Licéir Ardghníomhach (HALES) bhí an tréchur gloiniúcháin níos lú ná mar a bhí súil leis. Mar chomhtharlú thar an tréimhse chéanna tá an athphróiseáil breosla caite laghdaithe. Dá bhrí sin d'fhan na toirteanna HAST go measartha seasmhach le linn 2009.

Bhí méadú diaidh ar ndiaidh sa sceitheadh antamóin-125 (Sb-125) go dtí an t-aer de bharr athphróiseáil cineáil breosla Magnox caite a raibh leibhéil níos airde radaighníomhaíochta ann ná mar is gnáth. Ba é an toradh air seo ná cur ar fionraí sealadach d'oibriúcháin athphróiseála Magnox i mí Aibreáin 2009 chun sárú na teorann sceite bliantúla a chosc. Tar éis measúnú den tsaincheist mheas Gníomhaireacht Timpeallachta na Ríochta Aontaithe (UK-EA) gur bheag an tionchar raideolaíoch ar dhaoine agus ar an timpeallacht a bhí le sárú sealadach na teorann sceite Sb-125 ó na sceite méadaithe i gcomparáid leis na hiarmhairtí de gan an breosla Magnox caite a athphróiseáil. Dá réir sin, thosaigh oibriúcháin athphróiseála le linn samhradh 2009. Chun an tionchar poitéinsiúil ar Éirinn den sceitheadh méadaithe de Sb-125 a mheasúnú shamhaltaigh an RPII an t-easrú atmaisféarach den sceitheadh agus dheimhnigh go raibh an tionchar raideolaíoch a bhí ag na tiúchana aeir a lean as diomaibhseach.

Leanann an RPII de bheith ag monatóireacht na bpleananna san UK le stáisiúin nua núicléacha a thógáil le cur in ionad na gceann atá le dúnadh thar an gcéad 20 bliain eile. Tá an Ríocht Aontaithe faoi láthair ag measúnú dhá dhearadh imoibreora (Imoibreoir Brúchóirithe Eorpach (EPR) de chuid Areva agus an Westinghouse AP-1000) le córas rialála UK a chomhlíonadh i bpróiseas Measúnú Dearaidh Chineálaigh (GDA). Tá an measúnú dearaidh seo atá faoi láthair sa chéim dheiridh de phróiseas cheithre chéim sceidealaithe le bheith críochnaithe roimh Iúil 2011. I mí Aibreáin 2009 d'fhógair An Roinn Fuinnimh agus Athrú Aeráide sa Ríocht Aontaithe (UK-DECC) gur aithníodh suíomhanna na n-ionad poitéinsiúil i gcomhar le hoibritheoirí poitéinsiúla agus Údarás Díchoimisiúnaithe Núicléach na Ríochta Aontaithe (UK-NDA). Measadh deich n-ionad a bheith forbartha go leor ó thaobh a suíomhanna agus a n-úsáideachta le bheith oiriúnach d'úsáid na stáisiún cumhachta núicléach nua roimh dheireadh 2025.

Cigireacht Sellafield ag Gníomhaireacht Timpeallachta na Ríochta Aontaithe

Déanann Gníomhaireacht Timpeallachta na Ríochta Aontaithe (UK-EA) cigireachtaí foirne tréimhseacha i Sellafield agus ionaid núicleácha eile le comhlíonadh na dteorainneacha agus na gcoinníollacha údaruithe atá ag na hoibritheoirí ionad. Tá na cigireachtaí foirne seo de bhreis ar na cigireachtaí leanúnacha a dhéanann rialtóirí aonair. Díríonn cigireachtaí foirne go tipiciúil ar chuid shonrach d'údarú (e.g. dramhaíl uiscí nó soladach) nó ar limistéar sonrach den láthair núicléach.

I mí an Mheithimh 2009 thug foireann de chuid Ghníomhaireacht Timpeallachta na Ríochta Aontaithe á tacú ag Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe – Stiúrthóireacht Núicléach (UK-HSE-ND) faoi chigireacht foirne de na socruithe bainistíochta dramhaíola uiscí ag Sellafield. Thug an UK-EA cuireadh do bheirt bhreathnóir ón RPII páirt a ghlacadh sa chuid fad seachtaine den chigireacht foirne ar an láthair. Ba iad eochairchuspóirí sonracha na cigireachta ná an comhlíonadh a mheasúnú in aghaidh na rialacha ceanglas, le dul chun cinn a mheasúnú in aghaidh na moltaí

cigireachta a rinneadh roimhe sin agus leis an gcleachtas maith/is fearr agus feabhsú leanúnach timpeallachta a chur chun cinn.

Ba mheascán de chigireachtaí réamhshocraithe agus cigireachtaí de shaoráidí nár fógraíodh go maidin na cuairte a bhí sa chigireacht ar an láthair. Tuairiscíodh na barúlacha ó na cigireachtaí aonair agus ó chinntí na cigireachta go hiomlán ag an UK-EA do lucht Sellafield trí shraith cruinnithe agus mar thuairisc scríofa. Ba é an measúnú iomlán ag an UK-EA ná go raibh an córas lena chinntiú go raibh rialú na sceite faoi bhun na dteorainneacha agus le taifid bheachta de na sceite sin a choinneáil éifeachtach agus go raibh feabhas suntasach ar chomhlíonadh na rialacha ó 2005. Thug an tuarascáil cigireachta dá n-aire, áfach, líon limistéar inar chóir do lucht Sellafield gníomhú chun feidhmiú leanúnach de Na Teicníochtaí Is Fearr atá ar Fáil (BAT) a thaispeáint mar a éilítear faoi na rialacha ar sceite timpeallachta.

Féinmheasúnóireacht IRRS UK-HSE-ND

Tairgíonn an IAEA Seirbhís Athbhreithnithe Rialála Comhtháthaithe (IRRS) a chuireann infrastruchtúr rialála núicléiche/radaíochta i Stát i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta agus treoraíocht agus, nuair is cuí, le cleachtas maith in áiteanna eile. Mar ullmhúchán do mhisean sábháilteachta núicléiche an IRRS thug Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe – Stiurthóireacht Núicléach (UK-HSE-ND) faoi fhéinmheasúnóireacht in aghaidh caighdeán an IAEA atá ann faoi láthair do rialtóirí núicléacha. Fuair an RPII agus an rialtóir núicléach Spáinneach, Consejo de Seguridad Nuclear (CSN), cuireadh le bheith rannpháirteach i gceardlann dhá lá a reachtáladh mar chuid den phróiseas féinmheasúnóireachta.

Tar éis na féinmheasúnóireachta críochnaíodh cuairt piar-athbhreithnithe an IAEA i mí Dheireadh Fómhair 2009 agus foilsíodh na cinntí go luath i 2010.

Eachtraí Núicléacha

Tríd a Mheabhrán Tuisceana le UK-HSE-ND agus tríd an idirchaidreamh leanúnach leis an UK-HSE-ND tarraingíodh aird an RPII ar líon eachtraí ag Sellafield agus ag ionaid núicleácha eile UK le linn na bliana. Orthu seo áirítear dhá theagmhas rátaithe mar Leibhéal 2 ar Scála Teagmhais Núicléach Idirnáisiúnta seacht bpointe (INES). Tá teagmhas Leibhéal 2 ar an dara pointe is ísle ar an scála seo agus déantar é a rangú mar 'eachtra'. Ar cheann de na heachtraí a braitheadh i mí Eanáir 2009 bhí sceitheadh radaighníomhach (sileadh seasta ar feadh tréimhse fhada ama) ba chúis le roinnt truailliú talaimh sna saoráidí Magnox ag Sellafield. De bhreis air sin bhí eachtra a bhí ag taispeáint díghrádú na sábháilteachta doimhne ag stáisiún cumhachta núicléiche i mí an Mheithimh 2009 de bharr idirghabháil le déileáil le fadhb eiliminte breosla san imoibreoir. De bhreis ar na teagmhais seo bhí caillteanas soláthairtí uisce fuaraithe don phlanda Stórála agus Galú Licéir Ardghníomhach ag Sellafield i mí Aibreáin 2009. Bhí an eachtra mar thoradh ar shocruithe míchearta na gcomhlaí rialaithe tar éis eachtra cotabhála. Cuireadh ar ais an t-uisce fuaraithe tar éis ocht n-uaire. Rátaíodh an teagmhas seo go sealadach mar Leibhéal 1 INES ('aimhrialtacht') ach táthar ag feitheamh go dtí go gcríochnóidh an UK-HSE-ND fiosrú na heachtra le rátú deiridh. Ní raibh aon iarmhairtí eisláithreacha ag na heachtraí seo agus ar an ábhar sin ní raibh aon tionchar raideolaíoch acu ar Éirinn.

De bhreis ar na heachtraí san UK cuireadh líon eachtraí núicléacha Leibhéal 2 i dtíortha eile in iúl don RPII trí Chóras Gréasánbhunaithe Teagmhas Núicléach (NEWS) de chuid an IAEA. Orthu seo áirítear eachtra rónochta ag stáisiún cumhachta núicléiche Beznau (NPP) san Eilvéis; teip ar an bhfreagracht as ábhar inscoilte in Cadarache, an Fhrainc; eachtra caillteanas fuaraithe ag an NPP Cruas sa Fhrainc; eachtra ionradantais in Fleures, an Bheilg; sárú rialaithe sábháilteachta criticiúlachta in Marcoule, an Fhrainc; agus titim ionstraime ó chrann tógála ag an PAKS-4 NPP, an Ungáir. Arís ní raibh aon iarmhairtí eisláithreacha ag aon cheann de na heachtraí seo agus ar an ábhar sin ní raibh aon tionchar raideolaíoch acu ar Éirinn.

Cruinniú Athbhreithnithe den Chomhchoinbinsiún um Shábháilteacht na Bainistíochta Breosa Caite agus um Shábháilteacht na Bainistíochta Dramhaíola Radaighníomhaí

Is coinbhinsiún idirnáisiúnta é an Comhchoinbinsiún um Shábháilteacht na Bainistíochta Breosa Caite agus um Shábháilteacht na Bainistíochta Dramhaíola Radaighníomhaí a chuireann d'iallach ar na tíortha rannpháirtíocha uile (Páirtithe Conarthacha) ardleibhéal sábháilteachta i mbainistíocht na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla chaite a choinneáil agus tuairisciú faoi na bearta a glacadh maidir leis seo. Baineann an Coinbhinsiún le hábhhar i gcás Éireann mar úsáidtear an t-ábhar radaighníomhaíochta go fairsing sa leigheas, sa taighde agus i dtionscail ar fud na tire. Áirítear sa Choinbhinsiún oibleagáidí i limistéir an chreata rialaithe náisiúnta, gluaiseacht traschríche an bhreosla chaite agus na dramhaíola radaighníomhaí agus i mbainistíocht shábháilte na bhfoinsí séalaithe as úsáid. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm i 2001 agus gach trí bliana cuireann na Páirtithe Conarthacha, agus Éire san áireamh, isteach tuarascáil náisiúnta a leagann amach na bearta a beartaíodh agus ar glacadh leo ag an tír sin chun oibleagáidí ábharthacha an Choinbhinsiúin a chur i ngníomh. Piarmheasúnaítear na tuarascála náisiúnta seo ag na Páirtithe Conarthacha eile agus cuirtear ceisteanna ar na tíortha faoina dtuarascála agus faoina gcláir mbainistíochta dramhaíola. Bhí an tríú cruinniú athbhreithnithe ann i mí na Bealtaine 2009 i Vín.

Ghlac foireann an RPII páirt sa phróiseas trí rannpháirtíocht in ullmhú tuarascáil náisiúnta na hÉireann, san athbhreithniú agus i gcur na gceisteanna faoi na tuarascála náisiúnta eile mar aon le cur i láthair thuarascáil na hÉireann agus rannpháirtíocht sna díospóireachtaí le linn an chruinnithe athbhreithnithe. De bhreis air sin, d'fheidhmigh ball foirne amháin mar Rapporteur (Rúnaíocht Eolaíoch) le linn an chruinnithe athbhreithnithe. D'aithin an piarmheasúnú ar thuarascáil na hÉireann na nithe seo a leanas mar chleachtas maith: neamhspeáchas agus cumas an Chomhlachta Rialála; socruithe ullmhachta maithe d'éigeandáil náisiúnta agus iarrachtaí chun líon na bhfoinsí a optamú (agus ar an gcaoi sin ag íoslaghdú méad na dramhaíola radaighníomhaí) trí cheadúnaithe a spreagadh gan foinsí iomarcacha a choinneáil. D'aithin an piarmheasúnú an stóráil leanúnach de na slata cóimeála breosla úráiniam nádúrtha; bainistíocht fhadtéarmach de na foinsí séalaithe as úsáid nach bhfuil aon socruithe tógáil ar ais deánta ina leith; stóráil na bhfoinsí as úsáid ag ionaid ar leith ar fud na hÉireann agus monatóireacht theoranta poist teorann chun gluaiseacht foinsí nó dramhaíola a chosc mar dhúshlán d'Éirinn. Thug sé dá aire nach raibh polasaí bainistíochta dramhaíola fadtéarmach forbartha ag Éirinn go fóill, saincheist atá aitheanta le fada mar chúis imní ag an RPII.

Coinbhinsiún Oslo-Páras

Éilíonn Coinbhinsiún OSPAR 1992 um Chosaint na Timpeallachta Muirí den Atlantach Thoirthuaidh ar na tíortha sínithe na bearta uile is gá a dhéanamh chun truailliú na timpeallachta muirí a chosc agus a chealú roimh an mbliain 2020. I 2009 de réir oibleagáidí na hÉireann mar Pháirtí Conarthach do Choinbhinsiún OSPAR thosaigh an DEHLG le cuidiú ón RPII an próiseas d'athbhreithniú agus d'uasdátú "Ireland's National Plan for the Implementation of the OSPAR Radioactive Substances Strategy" (Plean Náisiúnta na hÉireann do Chur i ngníomh Straitéis Substaintí Radaighníomhacha OSPAR).

Cuirfear Plean Náisiúnta na hÉireann faoi bhráid an chruinnithe den ghrúpa ad hoc oibre um Shubstaintí Radaighníomhacha atá le bheith ann i 2010 agus ag Cruinniú Choimisiún na nAirí OSPAR 2010 ina dhiaidh sin. Cuirfidh sé síos ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh an chéad phlean i 2002 agus go háirithe:

- Athbhreithneoidh sé cur i bhfeidhm na gcuspóirí a cuireadh ar bun i bplean 2002;
- Cuirfidh sé eolas ar fáil faoi údaruithe sceite agus feabhsuithe teicniúla chun sceite Éireannacha de shubstaintí radaighníomhacha sa timpeallacht mhuirí a laghdú;
- Cuirfidh sé faisnéisí faoi sceite na substaintí radaighníomhacha suas go dtí an bhliain 2020 ar fáil;
- Bunóidh sé cuspóirí don chéad cúig nó deich mbliana eile.

Ar an dul chun cinn a áirítear ón gcéad Phlean Náisiúnta tá glacadh le seasamh náisiúnta faoin ngá le humair loctha iaidín ag ospaidéil le saoráidí eisíditheiaidín, tabhairt faoi mheasúnú de sceite iaidín-131 isteach i gceantar bhá Bhaile Átha Cliath agus comhlánú piarmheasúnú de chláir monatóireachta an RPII.

Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha

Réamhrá

Cuireann an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí ar fáil a thacaíonn le hoibriúcháin ar fud an RPII uile. Déanann Seirbhísí Corparáideacha a ndícheall deimhin a dhéanamh de go gcruthaítear na coinníollacha a chuirfidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht agus cultúr deimhnitheach eagraíochta chomh maith le rialachas láidir agus infrastruchtúr comhlíonta chun cinn.

Déantar éachta don bhliain a liostú thíos faoi na cinnteidil éagsúla roinne.

Cumarsáid

Mar chomhlacht phoiblí tá cumarsáid eolais don phobal mar chroílár gníomhaíochtaí an RPII agus tá so-rochtain ar eolas faoi chosaint radaíochta agus monatóireacht sonraí mar aidhm straitéiseach aige. Leis an gcuspóir seo a bhaint amach tugadh faoi réimse gníomhaíochtaí cumarsáide le linn na bliana ar a n-áirítear rannpháirtíocht an RPII ag réimse fairsing imeachtaí, seimineár, comhdháileacha agus cruinnithe le heagraíochtaí eile.

Tá spéis mhór ag an RPII comhoibriú leis na meáin a mbíonn ról suntasach acu i gcraobhscaoileadh an eolais agus i dtuairisciú faoi shaincheisteanna cosanta raideolaíche ar chás leis an bpobal iad. Lean spéis na meán le linn na bliana leis an bhfoireann ag glacadh páirt in thart faoi 30 clár teilifíse agus raidió ag an leibhéal náisúnta agus réigiúnach. Bhí an clúdach a rinneadh éifeachtúil chun feasacht an phobail ar shaincheisteanna radaíochta a ardú, go háirithe ó thaobh an gháis radóin de.

Chuaigh an fhoireann i ngleic leis na páirtithe leasmhara ag réimse imeachtaí náisiúnta agus áitúil le linn na bliana, mar shampla ag comhdháileacha, seimineáir agus taispeántais ar a n-áirítear Taispeántas BT an Eolaí Óig, áit a raibh An RPII mar urraitheoir ar dhámhachtain speisialta don tionscadal is fearr ar an radaíocht ianaithe. Ba le Noreen Inían Lynch an iontráil a bhuaigh, tionscadal ar An Investigation into the Effectiveness of Radon Barriers (Fiosrú faoi Éifeachtúlacht na mBacainní Radóin).

Agus straitéis gréasáin á forbairt don RPII aontaíodh go mbeadh sí ar an bpríomhuirlis cumarsáide don eagraíocht. Seoladh an gréasán www.rpii.ie i mí na Bealtaine 2009 agus is é an phríomhfhoinse d' eolas uile na heagraíochta. Is acmhainn úsáideach é d'eolas faoin gcosaint radaíochta agus do nuacht agus eolas faoin RPII agus a ghníomhaíochtaí i bhformáid a bhfuil fáil air go furasta agus uasdátaítear é agus déantar monatóireacht air ar bhonn laethúil. Ar na gnéithe ar an ngréasán áirítear mapa idirghníomhach radóin, áit a bhféadann cuairteoirí a seoladh baile a chur isteach lena aimsiú an bhfuil cónaí orthu i gCeantar Ardradóin, is féidir leo cur isteach ar thomhas radóin agus íoc as ar líne, is féidir leo a ndáileog radaíochta féin a mheas ag úsáid an áireamháin dáileoige ar líne agus is féidir leo gréasán monatóireachta a fheiceáil agus rochtain ar thorthaí an chláir monatóireachta. Is féidir le cuairteoirí freisin coinneáil suas chun dáta le forbairtí sa chosaint radaíochta trí shíniú ar líne chun foláirimh a fháil faoi fhoilseacháin nua, preaseisiúintí agus nuacht.

Tá thart faoi mhéadú ceathairfhillteach ar líon na gcuairteoirí chuig suíomh gréasáin an RPII ó 2000 le beagnach 43,000 cuairteoir sainiúil i 2009. Mar aon leis an suíomh athfhorbartha tháinig staitisticí níos fearr chun iompar cuairteoirí a thaifeadadh le cuairteoirí ag caitheamh ar an meán cúig nóiméad ar gach seisiún ar an suíomh ag tabhairt cuairt ar thart faoi shé leathanach. Léiríonn sé seo go bhfaigheann an chuid is mó de na cuairteoirí a mbíonn siad ag súil leis agus go dtéann an t-ábhar i bhfeidhm orthu. Tháinig thart faoin 53% de na cuairteoirí chuig an suíomh gréasáin trí ineall cuardaigh; tháinig 34% díreach chuig an suíomh gréasáin agus atreoraíodh 13% ó shuíomhanna eile. Ar na limistéir ba mhó éileamh den suíomh athfhorbartha bhí an mapa radóin, eolas faoi radón, tomhas radóin, foilseacháin, an t-áireamhán dáileoige radaíochta, eolas ceadúnaithe, suíomhanna monatóireachta, foláirimh nuachta, agus eolas faoin bpleanáil éigeandála.

Figiúr 9: Cuairteoirí sainiúla chuig suíomh gréasáin an RPII le linn Deireadh Fómhair 2009



Bíonn buaiceanna tráchta comhthráthach le gníomhaíocht na meán; go háirithe taifeadadh 10,000 cuairteoir sainiúil chuig an suíomh gréasáin i nDeireadh Fómhair de bhun preaseisiúna agus teacht baill foirne de chuid an RPII ar an teilifís náisiúnta faoi shaincheist an radóin i dtithe cónaithe (Figiúr 9).

Leanann an chumarsáid inmheánach le ról luachmhar a bheith aici in oibriúcháin an RPII agus le hiarracht a dhéanamh éifeachtúlacht na gcleachtas cumarsáide inmheánaí reatha a mheas, rinneadh iniúchadh cumarsáide le linn na bliana. Beidh forbairt agus cur i bhfeidhm tionscnamh cumarsáide inmheánaí i 2010 mar thoradh ar mholtaí ón iniúchadh.

Foilseacháin

Gach bliain cuirtear amach líon foilseachán ag an RPII, ar a n-áirítear tuarascála, nótaí treorach, cóid cleachtais, bileoga eolais agus póstaeirí – iad ar fad saor in aisce ar www.rpii.ie.

Tuarascála :

The Design of Diagnostic Medical Facilities where Ionising Radiation is used. (Blue Book).(Leabhar Gorm)
RPII Report 09/01.

Ailt Ghinearálta:

McGarry, A., (2009).
Radiation in Ireland.
Public Affairs Ireland. January 2009, Issue No 54.

Fenton, D., (2009).
Radon Gas: Its properties, hazard and what is being done about it.
Environmental Health Officers Association Yearbook 2008-2009.

Nótaí Treorach:

Guidance Note on the Implementation of the Radiological Protection Act 1991 (Control of High Activity Sealed Radioactive Sources) Order 2005 (S.I. No. 875 of 2005).

Guidance Notes to Local Authorities on Implementing a Radon Measurement Programme.

Guidelines for Reporting Radiological Incidents to the Radiological Protection Institute of Ireland.

Guidelines on the protection of the unborn child during diagnostic medical exposures.

Irisleabhair Eolaíocha:

Keogh, S.M., Aldahan, A., Possnert, G., Vintró, L.L., Mitchell, P.I., Smith, K.J. *, McGinnity, P*. (2009).
Anthropogenic ^{129}I in precipitation and surface waters in Ireland.
Nucl. Instr. and Meth. in Phys. Res. B. Volume 268, Issues 7-8, April 2010, p. 1232-1235.

* Foireann an RPII i gcomhar le húdair eile.

Comhpháirtíocht

Lean an chomhpháirtíocht san ionad oibre san RPII i rith 2009 leis an gCoiste Comhpháirtíochta ag teacht le chéile ar naoi n-ócáid. Is í aidhm na Comhpháirtíochta an timpeallacht oibre, táirgiúlacht agus feabhas na seirbhíse taobh istigh den RPII a leasú trí fhóram a chur ar fáil chun eolas, comhairliúchán agus réiteach fadhbanna a roinnt. Tá sé d'aidhm ag an an gCoiste Comhpháirtíochta go mbeidh comhsheilbh ag Bainistíocht, foireann agus Ceardchumann ar phróiseas an athraithe. Bíonn deis ag na páirtithe uile tionchar a bheith acu ar an dóigh a ndéantar nithe san RPII.

Éiríonn na saincheisteanna ar dhéileáil an chomhpháirtíocht leo as cúrsaí a d'ardaigh an fhoireann, ó ranna éagsúla taobh istigh den RPII agus ó bhaill den choiste féin. Ar na saincheisteanna a déileáladh leo i rith 2009 bhí:

- Uasdátú agus feabhsú an chórais PMDS (CBFF);
- Cód cleachtais don obair oifige;
- Pleanáil don phaindéim fliú;
- Polasaí tuairiscithe le hintinn mhaith;
- Iniúchadh cumarsáide inmheánaí;
- Seachtain réthaistil na hEorpa;
- Tógáil foirne;
- Athbhreithniú earcaíochta agus polasaí ardaithe céime;

De bhreis air sin, i 2009 freisin bhí ainmniú na n-ionadaithe nua comhpháirtíochta agus comhchathaoirligh ar an gcoiste comhpháirtíochta a mbeidh deireadh lena théarma in 2011. Aibhsíodh éifeachtúlacht an Choiste Comhpháirtíochta in éascú na gcumarsáidí inmheánacha san iniúchadh ar chumarsáid inmheánach a rinneadh i 2009.

Airgeadas

Cuirtear Cuntais Bhliantúla agus Ráitis Airgeadais an RPII i láthair go mionchruinn ar leathanach 43.

Ioncam an RPII

Ba é ioncam an RPII i 2009 ná €7.185 déanta suas de dheontas €3.865m do chuspóirí reatha, deontas infhála de €1.039m do chuspóirí pinsin mar a éilítear faoi FRS 17, agus tuilleamh de €1.628m ó tháillí ceadúnais agus dáileogmhéadrachta, deimhniúchán táirge, tomhas radóin agus seirbhísí eile. Amúchadh €0.652m de dheontas caipitil sa bhliain.

Fuair an RPII deontas caipitil de €0.380m freisin chun a threalamh a uasghrádú agus a choinneáil. Ba mhó de €0.149m an t-ioncam don bhliain ná an caiteachas.

Seirbhísí Airgeadais

Ó tugadh isteach é go déanach sa bhliain 2008 leanadh leis an obair na socruithe nua don bhainistíocht airgeadais a chur i bhfeidhm. Tá feidhm na gcuntas nualáraithe á tacú anois ag córas bogearraí nua-aimseartha chun na hidirbhearta airgeadais uile san eagraíocht a bhainistiú.

Íocaíochtaí Pras na gCuntas

Tagann an RPII faoi chúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir, 1998 agus Rialacha (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) na gComhphobal Eorpacha 2002 a tháinig i bhfeidhm ar 7ú Lúnasa 2002. Seo a leanas tuarascáil ar chleachtais íocaíochta an RPII don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2009.

Is é polasaí an RPII lena chinntiú go n-íoctar na sonraisc uile go pras. Áirítear rialúcháin cuntasaíocta agus ríomhaire i gcóras inmheánach rialaithe na heagraíochta lena chinntiú go n-aithnítear na sonraisc agus na conarthaí atá le híoc taobh istigh de fhráma ama forordaithe an Achta. Cuireann an roinn cuntasaíochta tuairisc ar fáil a aithníonn na sonraisc atá gan íoc agus athbhreithnítear an tuairisc seo go rialta.

Rinneadh thart faoi 99.22% de na héilimh ar íocaíocht i rith 2009 taobh istigh den fhráma ama forordaithe. Bhí ceithre íocaíocht dhéanacha le luach de bhreis ar €317 agus bhí siad seo ar an meán 19 lá thar an data dlite íocaíochta. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha seo ná €12,417 agus b'fhiú €41.95 iomlán an úis pionóis a bhain leis na híocaíochtaí déanacha. B'ionann na híocaíochtaí déanacha agus .78% d'iomlán na n-íocaíochtaí soláthróra do sholáthróirí i 2009.

Comhairleoirí agus Sainchomhairleoirí

I 2009 d'fhostaigh an RPII líon saineolaithe i gcáil chomhairleach chun na scileanna riachtanacha a thabhairt do thionscadail áirithe. Mionsonraítear conarthaí ar mó a luach ná €5000 agus VAT (CBL) san áireamh i dTábla 4. Is ceanglas rialachais é seo.

Tábla 4 : Comhairleoirí agus Sainchomhairleoirí 2009

Sainchomhairleoir	Nádúr na hOibre ar Tugadh Fúithi
Astron Consulting	Athbhreithniú ar chórais agus cleachtais teileafónaíochta
CEFAS	Piar-athbhreithniú ar chláir mhonatóireachta
First Impression	Dearadh foilseachán agus clódóireacht
Genesis	Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí tráchtála
Health Protection Agency (UK)	Piar-athbhreithniú ar chórais ceadúnaithe agus cigireachta radaiteiripe
An tOll. Pat Horton	Measúnuithe agus Cigireachtaí RPA
Labware	Piar-athbhreithniú ar chláir mhonatóireachta
Mr FK Ledgerwood	Piar-athbhreithniú ar chláir mhonatóireachta
Dr JP McLaughlin	Tionscadal tóróin
Merc Partners	Feabhsú an Chórais Bainistíochta Feidhmíochta
Metroloyg Systems & Services	Ullmhú do chreidiúnú INAB
Prof Peter Mitchell	Piar-athbhreithniú ar chláir mhonatóireachta
Mooney O'Sullivan Solicitors	Comhairle dlí
Murray Consultants	Comhairle faoi chumarsáid; iniúchadh inmheánach cumarsáide
Norton & Associates	Cuntasaíocht
RISO	Piar-athbhreithniú ar chláir mhonatóireachta
Royal Surrey County Hospital	Anailís na n-iarratas ceadúnaithe radaiteiripe casta
Scoil na Matamaitice, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath	Seirbhísí staitistiúla
X-Communications	Dearadh agus forbairt gréasáin

Acmhainní Daonna

Acmhainní Daonna agus Soláthar Foirne

Bhí caillteanas 5 phost i rith 2009 mar thoradh ar an státchairde ar earcaíocht agus ardú céime agus ar an scéim luathscoir dhreasaithe a fógraíodh go luath i 2009. Bhí sé de thionchar acu gur bhain siad an bonn de chuid mhór de na feabhsuithe ar struchtúir foirne a rinneadh le linn 2008. Ó dháta luath sa bhliain 2009 tá an RPII páirteach in idirbheartaíocht leis an DEHLG chun cás a dhéanamh do phoist nua in áit na bpost caillte. Idir an dá linn tá seirbhís chomh hiomlán agus is féidir sna himthosca á bhaint amach ag an RPII dá chustaiméirí.

Le linn na bliana rinneadh Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha nua (PMDS) a fhorbairt don RPII. Sruthlíneoidh an córas seo an próiseas PMDS (CBFF) trína lamháiltear tuilleadh iarrachtaí fócas a chur ar dhíospóireachtaí feidhmíochta. Tá sé d'aidhm ag an mbeart seo mar aon le clár forbartha do bhainisteoirí a thosaigh i 2009 feidhmíocht RPII san iomlán a fheabhsú trí chomhsheasmhacht na bainistíochta agus soiléire na n-ionchas d'fhoireann uile an RPII.

Radaíocht Neamhianaithe

I mí an Mhárta 2007 de bhun Meabhrán don Rialtas táblaithe ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann san am d'aontaigh an Rialtas go leathnófar sainordú agus acmhainní an RPII le gnéithe den radaíocht neamhianaithe a chur san áireamh. Ó 2008 i leith tá an dul chun cinn i dtreo aistriú na bhfreagrachtaí tar éis moilliú agus níl dáta tosaigh ar fáil faoi láthair.

Sláinte agus Sábháilteacht

Oibríonn an RPII Córas Bainistíochta Sábháilteachta a spreagann feabhsú leanúnach trí aidhmeanna comhlíonta bliantúla a shocrú. Ag é ag socrú na n-aidhmeanna do 2009 dhírigh an Coiste Sábháilteachta ar shláinte agus shábháilteacht phearsanta ar a n-áirítear sláinte súl, bainistíocht struis, sábháilteacht stáisún oibre agus slándáil ionaid oibre.

Ní raibh aon "timpistí intuairiscithe" nó tarluithe contúirteacha i 2009.

Comhionannas

Tá an RPII tiomanta do pholasaí comhdheiseanna. Tá sé seo léirithe maidir le foireann i dtaca le comhionannas san earcaíocht, coinníollacha oibre agus rochtain ar ardú céime, oiliúint agus forbairt gairme beatha.Tacaíonn an RPII le socruithe solúbtha oibre mar tá siad ríthábhachtach leis an ionad oibre a bheith inrochtana do dhaoine atá ag iarraidh an dá thrá a fhreastal maidir leis an obair agus tiomantais eile. Maidir leis an gcustaiméir, d'oibrigh an RPII chun cur ar chumas na gcustaiméirí uile rochtain chothrom a bheith acu ar ár gcuid seirbhísí. I 2009 bunaíodh suíomh gréasáin athfhorbartha mar an phríomhuirlis cumarsáide do chustaiméirí. Agus an suíomh gréasáin á athfhorbairt aige rinne an RPII deimhin de gur dearadh é agus gur tástáladh a inúsáideacht leis an inrochtain i gcuimhne aige.

Cóiriú

I 2009 thug an RPII faoi ghníomhaíochtaí chun sábháilteacht a áitreabh a fheabhsú. Tugadh isteach córas défhíoraithe chun rochtain dhaingnithe do fhoirgintí a chur ar fáil don fhoireann.

Ionsuiteáladh córais rochtana leictreonacha go hinmheánach freisin chun rochtain ar limistéir íogaire agus limistéir sonra-íogaire san áireamh a rialú. Cuireadh feabhsuithe i bhfeidhm freisin ar na córais aláram agus ar an tslándáil fhisiciúil imlíne.

Tugadh isteach córas nua bainistíochta dramhaíola tí i 2009. Bhí méadú suntasach i dtoirteanna na dramhaíola a bhí á n-athchúrsáil agus laghdú 50% ar chostais bainistíochta dramhaíola mar thoradh air seo.

Bainistíocht Faisnéise

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT)

Ba eochairlimistéar gníomhaíochta a bhí sna córais athshlánaithe timpiste ICT (TCF) i 2009 le tabhairt isteach réiteach cóip cúltaca fíor-ama do fhriothálaithe criticiúla. Beidh athshlánú níos tapúla le híoschaillteanas sonraí mar thoradh air seo. Is féidir an t-athshlánú a chur i gcrích ag foireann ICT (TCF) ag obair go háitiúil nó ó shuíomh iargúlta.

I 2009 fuair an RPII tuilleadh spáis i bhfoirgneamh ar leith. Suiteáladh an dara seomra friothálaí, rud a chuireann feabhsuithe ar an athshlánú tubaiste san áireamh. Is féidir cóipeanna cúltaca a dhéanamh gach oíche chuig an suíomh seo, rud a lamhálann an t-athshlánú i gcás tine.

Taobh istigh den RPII déantar tionscadail a bhfuil baint acu le ICT (TCF) a bhainistiú ag an rannóg IT (TF). I 2009 d'éirigh léithe an tionscadal forbartha suíomh gréasáin nua a bhainistiú mar aon le tionscadal chun seirbhísí leictreonaic-bhunaithe breise a sholáthar do chustaiméirí Dáileogmhéadrachta.

I 2009 chuir an RPII a chéad fhriothálaí fíorúil isteach. Rinneadh an friothálaí r-phost a uasghrádú agus a aistriú chuig an ardán nua seo. I 2010 déanfar machnamh ar an timpeallacht fhíorúil chun na buntáistí maidir le coigilteas costas agus fuinnimh chomh maith le hathshlánú tubaiste a mheasúnú.

Seirbhísí Ardcháilíochta do Chustaiméirí (QCS)

Clúdaíonn an Plean Gnímh QCS reatha an tréimhse 2008-2010. Is í aidhm an phlean seo ná feabhas a chur ar an gcáilíocht sna seirbhísí a chuirtear ar fáil. I 2009 rinne an grúpa oibre QCS athbhreithniú eatramhach ar an dul chun cinn. Ainneoin gur tugadh dul chun cinn faoi deara sa chuid is mó de na limistéir, ba bhuaicphointe suntasach amháin a bhí i seoladh suímh gréasáin dírithe ar chustaiméirí. Cuireann an suíomh gréasáin seo eolas ar fáil i slí atá dírithe níos mó ar na custaiméirí comh maith le rochtain feabhsaithe ar sheirbhísí.

Thosaigh an grúpa oibre QCS ag forbairt gnáthaimh inmheánaí chun gearáin a láimhseáil. Tá sé d'aidhm ag an ngnáthamh seo deimhin a dhéanamh de go láimhseáltar na gearáin uile i modh comhsheasmhach agus go ndéanfar beart ceartaithe cuí. Tá súil leis an ngnáthamh seo a sheoladh i 2010 agus cuirfear oiliúint ar fáil don fhoireann. Beidh an an grúpa oibre QCS freagrach as monatóireacht aon ghearáin.

Ár Rialachas

Rialachas Corparáideach

Thug an Cód Cleachtais leasaithe do Rialacha na gComhlachtaí Stáit foilsithe ag an Roinn Airgeadais i 2009 isteach roinnt ceanglas rialachais breise do na comhlachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála uile, agus an RPII san áireamh. I rith na bliana rinneadh Lámhleabhar Rialachais Corparáidigh an RPII a uasdátú leis na ceanglais nua seo a léiriú. Orthu seo áirítear forbairt cairte do iniúchóireacht inmheánach, polasaí sceithire, athbhreithniú sceideal na n-ábhar a choimeádtar don Bhord agus don Choiste Iniúchóireachta agus athbhreithniú na ngnáthamh taistil.

I mí Eanáir agus i mí Aibreáin soláthraíodh seisiúin oiliúna do na baill Boird nua-ceaptha uile agus do bhaill an Choiste Iniúchóireachta le hinsint dóibh faoi obair an RPII agus faoi na ceanglais rialachais a bhaineann le ballraíocht den Bhord agus den Choiste Iniúchóireachta.

Tá Coiste Iniúchóireachta ag an RPII atá mar fhochoiste den Bhord le comhairle a thabhairt ar airgeadas, rialachas agus riosca eagraíochta. De bhreis air sin cuireann an Coiste Comhairleach Cumarsáide comhairle ar fáil a bhaineann le ról an RPII i gcumarsáid leis an bpobal.

Go stairiúil bhí dhá choiste chomhairleacha eolaíocha le peirspictíochtaí seachtracha níos fairsinge a thabhairt go hobair an RPII. Tá na coistí seo in áit leis na blianta agus is iad seo ná an Coiste Comhairleach Radaíochta Timpeallachta agus an Coiste Comhairleach Radaíochta Leighis. Leagtar amach ballraíocht na gcoistí seo thíos. I rith 2009 athbhreithníodh obair na gcoistí seo agus rinneadh cinneadh grúpa comhairleach amháin a chur ina n-áit – an Coiste Comhairleach Radaíochta Ianaithe (IRAC). Ceadaíodh na téarmaí tagartha den IRAC ag an mBord le súil an chéad chruinniú a bheith ann i 2010. Tugtar sonraí faoi bhallraíocht an ghrúpa seo ar leathanach 42.

De bhreis ar na coistí bunaithe seo bunaíonn an Bord ó am go ham fochoistí le tabhairt faoi shaincheisteanna sonracha. I rith 2009 bunaíodh fochoiste le ról an RPII i seirbhísí tráchtála agus a ailiniú straitéiseach a athbhreithniú. Tugtar sonraí faoi obair an fhochoiste seo sa roinn Seirbhísí Tomhais Radaíochta.

Baill den Bhord

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire i rith na bliana. Taispeántar líon na gcruinnithe a d'fhreastail gach ball den Bhord orthu thíos, leis an uimhir idir lúibíní ag cur in iúl líon na gcruinnithe a raibh an ball atá i gceist i dteideal freastal orthu. Taispeántar freisin i gcás an tseisear ball a ainmníodh lena gceapadh don Bhord ag eagraíochtaí faoi leith, ainm na n-eagraíochtaí ainmnitheacha faoi seach.

Cathaoirleach	
An tOllamh Eugene Kennedy	8 (8)
Nuala Ahern Uas.	7 (8)
Fionnuala Barker Uas.	6 (8)
Cumann Leighis Núicléach na hÉireann	
An Dr. Éamann Breatnach	
Comhairle na nDochtúirí Leighis	7 (8)
An Dr. Maurice Fitzgerald	4 (8)
An Chomhairle Fiaclóireachta	
An tUas. James Fitzmaurice	8 (8)
An Dr. Kevin Kelleher	
Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte	7 (8)
An tUas. Patrick Gilligan	
Cumann na nEolaithe Fisiceacha sa Leigheas	5 (5)
An Dr. Niall McEniff	
Dámh na Raideolaithe,	
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	4 (8)
Darina Muckian Uas.	5 (5)
An tUas. John O'Dea	0 (0)
Adi Roche Uas.	5 (5)
An tUas. Francis J Turvey	5 (5)

Is é an méad iomlán do luach saothair agus costais an Bhoird i 2009 ná €101, 075

.

1 2 3

1 **An tOllamh Eugene Kennedy** *(Cathaoirleach)*

Ceapadh an tOllamh Kennedy ina Chathaoirleach ar an mBord i 2006. Tá sé ina Ollamh le Fisic in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) le breis agus 20 bliain agus tá sé ina Leas-Uachtarán le Taighde faoi láthair.

Tá cáil air go hidirnáisiúnta as a chuid taighde san fhisic plasma agus adamhach agus foilsíodh a shaothar go fairsing. Toghadh ina Chomhalta d'Institiúid na Fisice i 1987 agus ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann i 2004. Bhí sé ar chuid mhór bord náisiúnta agus idirnáisiúnta.

2 **Nuala Ahern Uasal**

Ceapadh Nuala Ahern Uas. don Bhord i 2008. Anailísí polasaí timpeallachta agus scríbhneoir ar éiceolaíocht agus ar shiceolaíocht atá i Nuala Ahern Uas. Is iarbhall de Phairlimint na hEorpa (Páirtí Glas) í mar chomhalta do Laighean le 10 mbliana 1994-2004. Bhí Nuala Ahern Uas. ina ball de Choiste Trádála agus Tionscail, Fuinneamh agus Taighde de chuid Phairlimint na hEorpa le deich mbliana agus ina leasuachtarán den choiste sin ó 1999-2004.

3 **Fionnuala Barker Uasal**

Ceapadh Fionnuala Barker Uas. don Bhord i 2007. Mar Phríomhfhisicí in Ospidéal Naomh Lúcás, Baile Átha Cliath tá taithí fhairsing aici i réimse na fisice leighis, go háirithe sa leigheas núicléach agus sa chosaint radaíochta. Tá Fionnuala Barker Uas. ina hiar-Rúnaí de Chumann na nEolaithe Fisiceacha sa Leigheas.

4 5 6 7 8 9 10

4 **An Dr. Éamann Breatnach**

Ceapadh an Dr. Éamon Breatnach don Bhord ar 7 Samhain 2008. Tá an Dr. Breathnach ina Raideolaí Comhairleach in Oispidéal an Mater agus ina iar-Dhéan ar Dhámh na Raideolaithe, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Cathaoirleach Choiste Oideachais Chumann Eorpach na Raideolaíochta agus ball d'fheidhmeannas rialaithe an Chumainn atá ann.

5 **An tUasal James Fitzmaurice**

Ceapadh an tUas. James Fitzmaurice don Bhord i 2002. Tá an tUas. Fitzmaurice ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Cumarsáide an RPII. Tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an nGrúpa Bradan a fhoilsíonn an Public Sector Times agus nuachtáin áitiúla éagsúla. Ar na poist a bhí aige roimhe seo áirítear Cathaoirleach ISME; Uachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Bhré; agus Cathaoirleach ar Dhámhachtainí r-Rialtas Éireannacha agus Ionaid Barr Feabhais. Bhí sé ar chuid mhór tascfhórsaí gnóthas beag agus coistí agus faoi láthair tá sé ina bhall de Choiste Polasaí Straitéiseach Timpeallachta agus Dramhaíola de chuid Chomhairle Chontae Chill Mhantáin.

6 **An tUasal Patrick Gilligan**

Ceapadh An tUas. Patrick Gilligan Uas. don Bhord i 2006. Is Príomhfhisicí an tUas. Gilligan a chuireann seirbhísí cosanta radaíochta agus a thaithí san fhisic leighis ar fáil do Ospidéal Príobháideach an Mater. Tá sé ina iar-Chathaoirleach ar Chumann na nEolaíochtaí Fisiciúla sa Leigheas agus tá sé ina bhall de Choiste Radaíochta Ianaithe Leighis de chuid Chomhairle na nDochtúiri Leighis.

7 **An Dr. Niall McEniff**

Ceapadh an Dr. Niall McEniff don Bhord i 2007. Tá an Dr. McEniff ina Raideolaí Comhairleach in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Tá sé ina chomhalta de Dhámh na Raideolaithe i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

8 **Darina Muckian Uasal**

Ceapadh Darina Muckian Uas. don Bhord i 1997. Is céimí san Fhisic í Darina Muckian Uas. le breis agus deich mbliana taithí innealtóireachta sna tionscail leictreonaice agus bogearraí agus tá páirt glactha i bhfeachtais faoi ábhair timpeallachta aici.

9 **Adi Roche Uasal**

Ceapadh Adi Roche Uas. don Bhord i 2007. Is bunaitheoir agus CEO í Adi Roche Uas. ar Chernobyl Children International (CCI), eagraíocht idirnáisiúnta le stádas NGO ó na Náisiúin Aontaithe a sholáthraíonn cláir leighis agus daonnúil do pháistí agus chlanna ar fud réigiún Chernobyl. Is iad na príomhréimsí clár atá ag an eagraíocht ná Cláir Cúraim Leighis (Máinliacht Crói Páistí; Cláir Altraí & Obráidí Tarrthála; Cláir Cúraim Oispíse agus Pobail); Clár Dífhorasaithe; Clár Tógála agus Sos agus Biseach.

10 **An tUasal Francis J. Turvey**

Ceapadh an tUas. Francis J. Turvey don Bhord i 2007. Tá an tUas. Turvey ina Iar-leas-phríomh-Oifigeach Feidhmiúchain den RPII. Ó d'éirigh sé as, d'oibrigh sé mar innealtóir comhairleach i réimsí na cosanta radaíochta agus na sábháilteachta núicléiche. Innealtóir Cairte agus Comhalta de roinnt eagraíochtaí gairmiúla ar a n-áirítear Acadamh Éireannach na hInnealtóireachta; Institiúid Innealtóirí na hÉireann; Institiúid na nInnealtóirí Núicléacha; agus Institiúid na Fisice. Chom maith leis sin tá Teastas Seirbhíse Bhord Trádála na Ríochta Aontaithe mar Innealtóir Chéad Ghrád sa Chabhlach Tráchtála aige.

An Dr. Maurice Fitzgerald *(gan pictiúr)*

Ceapadh An Dr. Maurice FitzGerald don Bhord ar 11 Iúil 2008. Cháiligh an Dr. FitzGerald mar fhiaclóir ó UCC i 1979 agus tá sé ag obair mar liachleachtóir fiaclóireachta i Sligeach. Fuair sé an MSc sa radaíocht fiaclóireachta i 2000 ó Ollscoil Londain agus tá sé ar bhord an RPII mar ainmní den Chomhairle Fiaclóireachta a bhfuil sé mar bhall tofa de.

An Dr. Kevin Kelleher *(gan pictiúr)*

Ceapadh an Dr. Kevin Kelleher don Bhord I 2007. Tá an Dr. Kelleher ina Leas-Stiúrthóir Náisiúnta do Shláinte an Daonra – Cosaint Sláinte ag bainistiú na seirbhísí sláinte poiblí don HSE (FSS). Tá suim mhór aige i dtionchar na timpeallachta ar an tsláinte dhaonna.

An tUasal John O'Dea *(gan pictiúr)*

Ceapadh an tUas. John O'Dea don Bhord i 2007. Is léachtóir san Fhisic Timpeallachta in IT Sligeach é an tUas. O'Dea agus tá saothar foilsithe aige i réimse na radaíochta go hacadúil agus don phobal i gcoitinne. Tá baint aige le fada le gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha ar a n-áirítear tréimhse mar Chathaoirleach de Fheachtas Shligeach don Dí-armáil Núicléach (CND).

Struchtúr Foirne



An Dr Ann McGarry
Príomhfheidhmeannach

An tUasal David Pollard
Stiúrthóir Seirbhísí Monatóireachta agus Tomhais

An Dr Barbara Rafferty
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

An Dr Tony Colgan
Stiúrthóir Seirbhísí Comhairleacha

An Dr Tom Ryan
Stiúrthóir Seirbhísí Rialála

Foireann an RPII 2009

Alison McIntyre	Ann McGarry	Ashley Curran
Barbara Rafferty	Catherine McCarron	Catherine Organo
Catherine Scully	Christopher Hone	Ciara Maguire
Ciara McMahon	David Dawson	David Fenton
David Pollard	David Spain	Dermot Howett
Eileen Hayden	Emily Clarke	Glenda Griffin
Heather Rochford	Hugh Synnott	Isabella Bolger
Jack Madden	Jarlath Duffy	Jennie Wong
Kevin Kelleher	Kilian Smith	Leo McKittrick
Linda Coyne	Lisa Barron	Lorraine Currivan
Lucy Doody	Máirín O'Colmáin	Mary Fegan
Michael Murray	Noeleen Cunningham	Olivia Cluskey
Olwyn Hanley	Pamela Lennon	Paul Fitzgerald
Paul McGinnity	Rachael Flynn	Roisin McNamee
Rose Timmons	Sarah Baker	Sharon Wade
Sheila Powell	Stephanie Long	Stephen Fennell
Stephen Somerville	Tanya Kenny	Teresa Grant
Tom Ryan	Tony Colgan	Veronica Smith

Coistí Comhairleacha

Coiste Iniúchóireachta

Tugann an coiste seo comhairle don bhord faoi airgeadas, rialachas agus riosca eagraíochta.

Cathaoirleach An tUas. Patrick Gilligan	An tUas. James Fitzmaurice
Darina Muckian Uas.	An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

Coistí Comhairleacha (ar lean)

Coiste Comhairleach Radaíochta Leighis

Tugann an Coiste comhairle don Bhord faoi úsáidí na radaíochta ianaithe sa leigheas agus san fhiaclóireacht.

Cathaoirleach An Dr. George Duffy	
Fionnuala Barker Uas.	An Dr. David Clarke
Susan Dennan Uas.	An Dr. Stephen Fennell
An tUas. Christopher Hone	An Dr. Pat Kenny
An Dr. Brendan McClean	An Dr. Ann McGarry
An Dr. Lesley Malone	An Dr. Geraldine O'Reilly
An Dr. Tom Ryan	An Dr. Stephen Skehan
An tOll. Wil van der Putten	
Rúnaí Eolaíoch Noeleen Cunningham Uas.	

Coiste Comhairleach Cumarsáide

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil maidir le cumarsáid leis an bpobal.

Cathaoirleach An tUas. James Fitzmaurice	
Fionnuala Barker Uas.	An Dr. Tony Colgan *(D'éirigh as 2009)*
Marie Kelly Uas.	An Dr. Ann McGarry
An Dr. Barbara Rafferty *(Ceapadh 2009)*	

Coiste Comhairleach Radaíochta Ianaithe

Gníomhaíonn an Coiste seo mar chomhlacht chomhairleach eolaíoch ardleibhéil faoi aon ábhar a bhaineann le radaíocht ianaithe, le béim faoi leith ar chúrsaí leighis phoiblí, a chuirtear chuige ag an mBord, nó ag Feidhmeannas an RPII. Le héifeacht ó mhí Eanáir 2010 glacfaidh an Coiste seo ionad na gCoistí Comhairleacha Radaíocht Timpeallachta agus Radaíocht Leighis.

Cathaoirleach An Dr. Eamann Breatnach	
An Dr. Nuala Ahern	An Dr. Michael Casey
An Dr. Harry Comber	An Dr. Dominique Crowley
An tUas. Sean Hogan	An Dr. Jean Luc-Godet
An tOll. Ian McAulay	An tOll. Brendan McClean
An Dr. Jim McLaughlin	An Dr. Jill Meara
An tOll. Peter I Mitchell	An Dr. Neil O'Donovan
An Dr. Geraldine O'Reilly	An Dr. Jane Renehan
An tOll. Wil van der Putten	
Rúnaí Eolaíoch Stephanie Long Uas.	

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 44

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach agus Airgeadais 45

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitúide 46

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta 47

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 48

Ráiteas maidir leis na Gnóthachain agus Caillteanais Uile 49

Clár Comhardaithe 50

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 51

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartas Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi Seach

Tá freagracht ar an Institiúid na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chosaint Raideolaíoch agus rialtacht idirbhearta a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na hInstitiúide leagtha amach i Ráiteas Freagrachtaí na hInstitiúide.

Is é m'fhreagracht-sa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCuideachta. Lena chois sin, deirim cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuariscím chomh maith mura bhfuair mé an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá riachtanach do m'iniúchadh.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Institiúid an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráiteas airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na hImpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht a n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Nollaig 2009 agus ar a hioncaim agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Institiúid leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Andrew Harkness
Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2009

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach agus Airgeadais

Thar ceann Bhord Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch admhaím an fhreagracht atá orainn lena chinntiú go gcoinnítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú atá réasúnach agus ní iomlán a thabhairt go gcosnaítear sóchmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar i gceart na hidirbhearta agus go gcuirtear cosc le hearráidí ábhartha sin nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil.

Eochairghnáthaimh Rialaithe

Tá an Bord tar éis féachaint chuige le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú trí

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- gnáthaimh fhoirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaithe cuí a chinntiú.

Bhunaigh an Bord próisis fhoirmiúla le rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí

- cineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí don chomhlacht ar a n-áirítear fairsinge agus catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas na comhlachta leis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat bainistíochta rialta faisnéise, gnáthaimh riaracháin ar a n-áirítear deighilt na ndualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear go háirithe:

- córas cuimsitheach buiseádaithe le buiséad bliantúil a athbhreithnítear agus a aontaítear ag an mBord;
- athbhreithnithe rialta de chuntais dé-mhíosúla bhainistíochta agus tuarascála bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais in éadan reámhaisnéisí;
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil soiléire.

Spreagtar monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ag obair an iniúchóra inmheánaigh, ag an gCoiste iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh, ag na bainisteoirí feidhmiúcháin taobh istigh den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe airgeadais, agus ag pointí tráchta a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascála eile.

Bhunaigh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch feidhm iniúchóireachta inmheánaí a oibríonn de réir Cód Creata an Chleachtais Is Fearr a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Spreagtar obair an iniúchtha inmheánaigh ag anailís an riosca a nochtar an chomhlacht dó agus tá pleananna iniúchtha inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Tá an anailís riosca agus na pleananna iniúchtha inmheánaigh éadóirsithe ag an gCoiste Inúchóireachta agus formheasta ag an mBord. Soláthraíodh tuarascáil bhliantúil den ghníomhaíocht iniúchtha inmheánaigh don Bhord ag an Iniúchóir Inmheánach. Áirítear sa tuarascáil tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh faoi dhóthanacht agus éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Sínithe thar ceann an Bhoird

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

13 Meán Fómhair 2010

Ráiteas Faoi Fhreagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn Alt 16 (1) den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a bheidh formheasta ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráiteas airgeadais seo ceanglaítear ar an Institiúid:

- Polasaithe feiliúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnach agus stuama
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaí mura bhfuil sé cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Institiúid i ngníomh
- A shonrú ar leanadh caighdeáin cuntasaíochta is infheidhme faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Bord go bhfuil na ceanglais thuas comhlíonta acu in ullmhú na ráiteas airgeadais. Tá an Institiúid freagrach as leabhair chuí chuntas a choimeád a nochtann le beachtas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 16(1) den Acht. Tá an Institiúid freagrach freisin as sóchmhainní na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a chosaint agus na bearta réasúnacha is gá a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Patrick Gilligan
Ball den Bhord

Ráiteas Faoi na Polasaithe Cuntasaíochta

1. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe ach amháin mar a luaitear thíos, agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir an chleachtais a bhfuil glacadh leis i gcoitinne. Glactar leis na caighdeáin tuairiscthe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta mar a thagann siad chun bheith infheidhme. Is é an t-aonad airgeadais ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe ná an Euro.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhormáid atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais.

2. Ioncam

Is ionann ioncam a thaispeántar sna Ráitis Airgeadais faoi dheontas Oireachtais agus fáltais airgid iarbhír sa bhliain.

3. Sóchmhainní Seasta

Luaitear Sóchmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Sa chostas áirítear costas measta diúscairt foinsí radaighníomhacha. Déantar dímheas a áireamh de réir méid chothroim trí thagairt do shaolré fhónta ionchais na sóchmhainní atá i gceist. Úsáidtear na rátaí mar a leanas:

- Trealamh agus Troscán Saotharlainne agus Oifige: 20%
- Déantar feabhsuithe léasacha a dhímheas i rith saolré an léasa.

4. Aoisliúntas

Oibríonn an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch scéim pinsin le sochar sainithe a mhaoinítear in aghaidh na bliana ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear' ó airgead a sholáthraíonn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí asbhainte de thuarastail foirne.

Léiríonn na costais pinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus a thaispeántar glan ó ranníocaíochtaí a choinníonn an Institiúid. Aithnítear méid atá ag freagairt don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Ráiteas de na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin thodhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsóchmhainn chomhfhreagrach atá le hinghnóthú sna tréimhsí atá le teacht ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus méid neamh-amúchta ioncaim a úsáidtear le sóchmhainní seasta a cheannach.

6. Réamhioncam

Baineann réamhioncam le hioncam táille ceadúnais réamhíoctha ag ceadúnaithe i leith tréimhsí san am atá le teacht.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2009

2008 €		2009 €
	IONCAM	
4,676,000	Deontas Oireachtais	4,245.000
1,147,666	Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin (Nóta 7b)	1,039,310
(183,135)	Aistriu ó/(go) Cuntas Caipitil (Nóta 2)	272,441
5,640,531		5,556,751
635,937	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	573,300
154,969	Seirbhís Tomhais Radóin	160,590
295,672	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	283,979
261,716	Seirbhís Rialaithe	598,418
20,302	Ilghnéitheach/Ioncam Conartha	12,137
1,368,595		1,628,424
7,009,126		7,185,175
	CAITEACHAS	
3,221,717	Tuarastail (Nóta 3)	3,284,383
1,398,173	Pinsin (Nóta 7c)	1,340,432
99,115	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	123,138
51,205	Seirbhís Tomhais Radóin	32,958
176,146	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	147,564
89,185	Seirbhís Rialaithe	77,887
155,716	Faisnéis & Cumarsáid don Phobal	146,334
81,881	Sábháilteacht Núicléach	75,579
151,471	Leabharlann & Bainistíocht Doiciméad	107,965
568,953	Cóiriú & Árachas	587,429
159,479	Taisteal & Cothú	130,010
95,734	Earcaíocht & Oiliúint	97,263
61,043	MIS, IT & Seirbhís Custaiméara	64,277
83,068	Postas, Fón & Soláthar Oifige	71,441
12,250	Táillí Iniúchóireachta	11,515
58,252	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheach	59,900
616,865	Dímheas	652,441
-	Caillteanas ar Chur de Láimh Sóchmhainní Seasta	25,000
7,080,253		7,035,516
(71,127)	**BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN**	149,659
680,765	Iarmhéid mar a bhí ag 31ú Eanáir	609,638
609,638	Iarmhéid mar a bhí ag 31ú Nollaig	759,297

Tá an Ráiteas de na Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Patrick Gilligan
Ball den Bhord

13 Meán Fómhair 2010

Ráiteas de na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2009

2008 €		Nótaí	2009 €
(71,127)	Barrachas/(Easnamh) don bhliain		149,659
(430,000)	Gnóthachain/Ó Thaithí ar dhliteanais scéime pinsin		(266,000)
1,398,000	Athrú ar na toimhdí atá mar bhun le luach láithreach na ndliteanas scéime pinsin		(442,000)
968,000	(Caillteanas) Achtúireach/ar Dhliteanais Pinsin	7f	(708,000)
(968,000)	Coigeartaithe don Mhaoiniú Iarchurtha Pinsin		708,000
(71,127)	Gnóthachan aitheanta iomlán/(caillteanas) don bhliain		149,659

Tá an Ráiteas de na Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo



An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Patrick Gilligan
Ball den Bhord

13 Meán Fómhair 2010

Clár Comhardaithe

mar atá ag 31ú Nollaig 2009

2008 €		Nótaí	2009 €
2,021,883	SÓCHMHAINNÍ SEASTA	1	1,721,158
	SÓCHMHAINNÍ REATHA		
1,123,993	Airgead ar Láimh & sa Bhanc		1,472,563
291,700	Féichiúnaithe	8	304,112
1,415,692			1,776,675
	CREIDIÚNAITHE – méideanna atá dlite		
428,090	Creidiúnaithe	9	353,494
3,850	Réamhdheontas Caipitil	10	32,134
0	Soláthar in aghaidh Diúscartha Radaighníomhaí	11	43,400
374,114	Réamhioncam		588,350
806,055			1,017,378
609,638	GLANSÓCHMHAINNÍ REATHA		759,297
2,631,521	SÓCHMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		2,480,455
17,191,147	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	7d	18,938,457
(17,191,147)	Dliteanas Pinsin	7e	(18,938,457)
2,631,521	GLANSÓCHMHAINNÍ		2,480,455
	Maoinithe ag:		
609,638	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		759,297
2,021,883	Cuntas Caipitil	2	1,721,158
2,631,521			2,480,455



An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Patrick Gilligan
Ball den Bhord

13 Meán Fómhair 2010

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2009

1. SÓCHMHAINNÍ SEASTA

	Feabhsuithe Léasacha €	Troscán agus Trealamh Oifige agus Saotharlainne €	Iomlán €
Costas:			
Ag 1 Eanáir 2009	788,301	6,787,917	7,576,218
Breisithe	0	351,716	351,716
Cur de láimh	0	(17,105)	(17,105)
Ag 31ú Nollaig 2009	788,301	7,122,528	7,910,829
Dímheas:			
Ag 1 Eanáir 2009	532,165	5,022,170	5,554,335
Muirear don bhliain	25,617	626,824	652,441
Ar chur de láimh	0	(17,105)	(17,105)
31ú Nollaig 2009	557,782	5,631,889	6,189,671
Glanluach de réir na Leabhar ag			
31ú Nollaig 2009	230,519	1,490,639	1,721,158
Glanluach de réir na Leabhar ag			
31ú Nollaig 2008	256,138	1,765,747	2,021,883

2. CUNTAS CAIPITIL

	2009 €	2009 €	2008 €	2008 €
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2009		2,021,883		1,610,625
Deontas Caipitil Faighte	380,000		800,000	
Lúide Deontas Amúchta sa Bhliain	(652,441)		(616,865)	
Aistriú ó/(go) Cuntas Caipitil agus Caiteachais		(272,441)		183,135
Aistriú ó/(go) Réamhdheontas Caipitil		(28,284)		228,123
Iarmhéid ag 31ú Nollaig 2009		1,721,158		2,021,883

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2009

3. TUARASTAIL AGUS PINSIN

	2009 €	2008 €
Olltuarastail	3,135,188	3,079,559
P.R.S.I. (ÁSPC) na bhFostóirí	149,195	142,158
	3,284,383	3,221,717

Fuair an CEO íocaíochtaí tuarastail de €158,644 i 2009. Níor tugadh aon íocaíochtaí bónais don CEO. Fuair an CEO cúiteamh as costais taistil agus cothaithe de €9,367 i 2009. Tá an CEO ina ball de scéim earnála poiblí le sochar sainithe neamh-mhaoinithe agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim earnála poiblí le sochair sainithe aoisliúntais.

Aisbhaineadh €162, 102 den fhoireann mar thobhac pinsin agus íocadh é leis an Aire Comhshaoil.

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe go lánaimseartha gan bhaill den Bhord san áireamh sa bhliain airgeadais ná 52 (46 i 2008).

4. CEANGALTAIS AGUS OIBLEAGÁIDÍ LÉASACHA- Léasanna Oibriúcháin

3 Cearnóg Chluain Sceach

B'fhiú €300,000 ceangaltais léasa atá iníoctha sa chéad dá mhí dhéag eile ar bhonn rátaí cíosa reatha agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas léasach, a dtéann a théarma in éag ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an t-ioncam cíosa seo faoi réir athbhreithnithe i gceann tréimhsí cúig bliana. Bhí an t-athbhreithniú deireanach den chineál sin ar 1 Deireadh Fómhair 2008.

1 Cearnóg Chluain Sceach

B'fhiú €140,000 ceangaltais léasa atá iníoctha sa chéad dá mhí dhéag eile ar bhonn rátaí cíosa reatha agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas léasach 20 bliain dar tús 25 Eanáir 2008 le clásal fuascailte ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an cíos seo faoi réir athbhreithnithe i gceann tréimhsí cúig bliana.

5. CEANGALTAIS CHAIPITIL

B'fhiú €0 luach na gceangaltas caipitil údaraithe ag 31ú Nollaig 2009.

6. LEASANNA BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag baill Boird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta a raibh tábhacht leo sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na hInstitiúide ina raibh aon leas ag baill an Bhoird. Tá miondealú ar tháillí Bhaill an Bhoird a íocadh i rith 2009 mar a leanas:

	€		€
An tOllamh E Kennedy (Cathaoirleach)	13063	An Dr. E Breatnach	9750
An Dr. McEniff	8400	An tUas. F J Turvey	5186
F Barker Uas.	8400	D Muckian Uas.	5251
N Ahern Uas.	8400	A Roche Uas.	5251
An tUas. M Fitzgerald	8400	An tUas. P Gilligan	5251
An tUas. J Fitzmaurice	8400		

B'fhiú €15,323 costais taistil agus cothaithe a íocadh i rith 2009.

7. PINSIN

(a) Scéim Pinsin

Ullmhaíodh an nochtadh thíos don Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) maidir le sochair atá iníoctha ó Scéim Aoisliúntais Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ("an Scéim").

Scéim le sochair sainithe atá inti ag soláthar sochair scoir bunaithe ar thuarastal deiridh de réir rialacha samplacha na hEarnála Poiblí. Maoinítear an Scéim gach bliain ar bhonn íoc mar a thuilltear ó airgead atá soláthraithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí aisbhainte de thuarastail foirne.

Tá an luacháil a úsáideadh do nochtadh FRS17 bunaithe ar lánmheasúnu de na dliteanais den Scéim mar atá ag 31ú Nollaig 2009. Rinneadh luachanna láithreacha den oibleagáid sochair sainithe, na costais seirbhíse ghaolmhara agus aon chostais seirbhíse san am atá caite a thomhas ag úsáid an mhodha creidmheasa aonaid réamh-mheasta.

Tá na príomhthoimhdí a d'úsáid achtúirí cáilithe neamhspleácha leis na dliteanais faoi FRS17 a ríomh leagtha amach thíos:

	Ag deireadh bliana 31/12/2009	Ag deireadh bliana 31/12/2008	Ag deireadh bliana 31/12/2007
Rátaí méadaithe sna tuarastail inphinsin			
Ráta lascaine	5.50%	5.60%	5.50%
Toimhdí boilscithe	2.25%	2.00%	2.50%
Ráta ardaithe sna turarastail inphinsin	3.50%	3.50%	4.00%
Ráta ardaithe pinsean atá á n-íoc	3.50%	3.50%	4.00%

(b) Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa Bhliain

	Bliain go 31/12/2009 €'000s	Bliain go 31/12/2008 €'000s	Bliain go 31/12/2007 €'000s
Maoiniú i leith na Bliana Reatha			
Costais Phinsin	1,548	1,598	1,604
Deontas Rialtais Curtha i bhFeidhm ar Phinsin Phá	(509)	(450)	(188)
	1,039	1,148	1,416

(c) Anailís de na Costais Phinsin Iomlána

	Bliain go 31/12/2009 €'000s	Bliain go 31/12/2008 €'000s	Bliain go 31/12/2007 €'000s
Costas Seirbhíse Reatha	583	668	763
Costas Úis	965	930	841
Ranníocaíochtaí Fostaí	(208)	(200)	(193)
Glantoradh	1,340	1,398	1,411

(d) Sochar Maoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an RPII méideanna atá dlite den Stát don dliteananas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn líon teagmhas atá caite. Ar na teagmhais seo tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais agus an polasaí agus gnáthamh maidir le maoiniú pinsin seirbhíse poiblí agus próiseas na meastachán bliantúil san áireamh. Ainneoin nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil agus ar an ábhar sin aon ráthaíocht maidir leis na méideanna sonracha leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, níl aon fhianaise ag an RPII nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo faoi chomhair na méide seo de réir an chleachtais reatha. Is fiú €18,938 milliún (2008: €17,191 milliún) an Sochar Maoinithe Iarchurtha do Phinsin mar atá ag 31ú Nollaig 2009.

Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2009

7. PINSIN *(ar lean)*

(e) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin Le Linn na Bliana Airgeadais

	Bliain go 31/12/2009 €'000s	Bliain go 31/12/2008 €'000s	Bliain go 31/12/2007 €'000s
Glandliteanas Pinsin ag 1 Eanáir	17,191	16,812	17,601
Costas Seirbhíse Reatha	583	668	763
Costas Úis	965	930	841
Sochair a íocadh sa bhliain glan ó ranníocaíochtaí foirne	(509)	(251)	(197)
(Gnóthachain) achtúireacha/caillteanais ar dhliteanais*	708	(968)	(2,205)
Glandliteanas Pinsin ag 31ú Nollaig	18,938	17,191	16,803

**ar a n-áirítear tionchar na n-athruithe ar na toimhdí*

(f) Stair na nGnóthachan agus Caillteanas ó Thaithí

	Bliain go 31/12/2009 €'000s	Bliain go 31/12/2008 €'000s	Bliain go 31/12/2007 €'000s
(Gnóthachain) ó thaithí/caillteanais ar dhliteanais scéime méid:	(266)	(430)	(75)
Mar chéadatán de luach láithreach na ndliteanas scéime	(1.40%)	(2.50%)	(0.45%)
(Gnóthachain) achtúireacha /caillteanais iomlána aitheanta i STRGL	(708)	968	(2,205)
Mar chéadatán de luach láithreach na ndliteanas scéime	(3.74%)	5.63%	(13.12%)
Méid carnach de (ghnóthachain)/caillteanais aitheanta i STRGL^	3,085	2,377	3,345

^is ionann é agus méid carnach de (ghnóthachain)/caillteanais ó 31/12/2002 go huile

Tá na toimhdí básmhaireachta bunaithe ar tháblaí caighdeánacha básmhaireachta a chuirfidh feabhsuithe básmhaireachta todhchaí san áireamh. Cuireann an bonn básmhaireachta feabhsuithe san ionchas saoil thar am san áireamh, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain ina bhfuil aois scoir slánaithe ag ball (65 bliana d'aois). Taispeánann an tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a mbeidh 65 bliana d'aois slánaithe acu i 2010, 2030 agus 2050.

Bliain a bhfuil 65 bliana d'aois slánaithe	**2010**	**2030**	**2050**
Ionchas Saoil – Fireann	87	90	92
Ionchas Saoil – Baineann	89	91	93

8. FÉICHIÚNAITHE

	2009 €	2008 €
Féichiúnaithe do Sheirbhísí	121,813	170,653
Soláthar in aghaidh Drochfhiach	(5,778)	(6,311)
Réamhíocaíochtaí	188,076	127,358
	304,111	291,700

9. CREIDIÚNAITHE

	2009 €	2008 €
Fabhruithe	320,064	418,444
An tArd-Bhailitheoir	33,430	9,646
	353,494	428,090

10. RÉAMHDHEONTAS CAIPITIL

Is ionann seo agus Deontais Chaipitil a fuarthas i leith tionscadal nár críochnaíodh i rith na bliana:

	2009 €	2008 €
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir	3,850	231,973
Aistriú ó/(go) Cuntas Caipitil	28,284	(228,123)
Iarmhéid ag 31ú Nollaig	32,134	3,850
Cuimsíonn an figiúr seo:		
Caiteachas Caipitil don Bhliain	(351,716)	(1,028,123)
Deontas Faighte	380,000	800,000
	28,284	(228,123)

11. SOLÁTHAR DO DHIÚSCAIRT FOINSÍ RADAIGHNÍOMHACHA

Tá líon foinsí radaighníomhacha ag an Institiúid agus beidh cuid acu aici ar feadh roinnt blianta. San fhigiúr seo tá soláthar de €25,000 do dhiúscairt foinse radaighníomhach a díchoimisiúnaíodh i 2009 agus a dhiúscrófar i 2010, agus soláthar freisin do €18,400 i leith foinse nua a coimisiúnaíodh i 2009 agus a dhiúscrófar nuair a dhíchoimisiúnófar í i gceann roinnt bliana amach anseo.

12. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Formheasadh na ráitis airgeadais ag an mBord ar an 13ú Meán Fómhair 2010.

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Déan Teagmháil Linn

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14
Éire

Teileafón: 01 2697766
Facs: 01 2697437
Rphost: rpii@rpii.ie
Gréasán: www.rpii.ie

Uaireanta oscailte: 9:00am go 5:00pm

Clóbhuailte ar pháipéar athchúrsáilte